



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 65

26 Meán Fómhair 2022

Clár

## II Gníomhartha neamhrechtacha

### COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

- ★ **Cinneadh (AE) 2022/1643 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2022 maidir leis an gComhaontú Cuimsitheach Aeriompair idir Ballstáit Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, a shíniú, thar ceann an Aontais** ..... 1

### RIALACHÁIN

- ★ **Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1644 ón gCoimisiún an 7 Iúil 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais shonracha chun rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar úsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de atá údaraithe mar tháirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin bheathaithe agus ar úsáid substaintí toirmisceithe nó neamhúdaraithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus ar úsáid iarmhar díobh <sup>(1)</sup>** ..... 3
- ★ **Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1645 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2022 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le ceanglais, i ndáil le bainistíocht rioscaí slándála faisnéise a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar shábháilteacht eitlíochta, ar eagraíochtaí a chumhdaítear le Rialacháin (AE) Uimh. 748/2012 agus Uimh. 139/2014 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 748/2012 agus Uimh. 139/2014 ón gCoimisiún** ..... 18
- ★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1646 ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2022 maidir le socrúithe praiticiúla aonfhoirmeacha maidir le feidhmiú rialuithe oifigiúla a mhéid a bhaineann le húsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de atá údaraithe mar tháirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin bheathaithe agus le húsáid substaintí toirmisceithe nó neamhúdaraithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus le húsáid iarmhar díobh, agus maidir le hábhar sonrach pleananna rialaithe náisiúnta ilbhliantúil agus socrúithe sonracha chun iad a ullmhú <sup>(1)</sup>** ..... 32

<sup>(1)</sup> Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

TREORACHA

- ★ Treoir Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1647 ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear Treoir 2003/90/CE a mhéid a bhaineann le maolú le haghaidh cineálacha orgánacha speiceas plandaí talmhaíochta atá oiriúnach don táirgeadh orgánach ..... 46
- ★ Treoir Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1648 ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear Treoir 2003/91/CE a mhéid a bhaineann le maolú le haghaidh cineálacha orgánacha de speicis glasraí atá oiriúnach don táirgeadh orgánach ..... 52

CINNTÍ

- ★ Cinneadh (CBES) 2022/1649 ón gCoiste polaitiúil agus slándála an 20 Meán Fómhair 2022 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh sa Nígir (EUCAP Sahel Niger/1/2022) ..... 57

## II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

## COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

CINNEADH (AE) 2022/1643 ÓN gCOMHAIRLE

an 20 Meán Fómhair 2022

**mairir leis an gComhaontú Cuimsitheach Aeriompair idir Ballstáit Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, a shíniú, thar ceann an Aontais**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de, i dteannta Airteagal 218(5), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 7 Meitheamh 2016, d'údaraigh an Chomhairle tús a chur leis an gcaibidlíocht le Ballstáit Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas (ASEAN) le haghaidh comhaontú cuimsitheach aeriompair.
- (2) An 26 Bealtaine 2020, chuir an Chomhairle síneadh bliana le húdarú an 7 Meitheamh 2016.
- (3) Cuireadh an chaibidlíocht mairir leis an gComhaontú Cuimsitheach Aeriompair idir Ballstáit Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ("an Comhaontú") i gcrích go rathúil an 2 Meitheamh 2021.
- (4) Tá Ballstáit ASEAN ar na geilleagair is mó fás ar domhan agus tá acmhainn mhór ag a margai aersheirbhísí tuilleadh fáis a dhéanamh. Is é is aidhm don Chomhaontú, go háirithe, a áirithiú go mbeidh iomaíocht chothrom ann, go n-éascófar oscailt an mhargaidh de réir a chéile, agus go méadófar an rochtain ar aerbhealaí agus acmhainneacht idir an tAontas agus Ballstáit ASEAN, rud a rachaidh chun tairbhe do thomhaltóirí agus don gheilleagar.
- (5) Ba cheart, dá bhrí sin, an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais.
- (6) Ní dhéanfaidh síniú an Chomhaontaithe thar ceann an Aontais difear do leithdháileadh na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus a Bhallstáit. Níor cheart a léiriú leis an gCinneadh sin gur féidir leis an Aontas an deis a thapú a inniúlacht sheachtrach a fheidhmiú mairir leis na réimsí a chumhdaítear faoin gComhaontú a thagann faoi inniúlachtaí roinnte sa mhéid nár feidhmíodh an inniúlacht sin go himmheánach ag an Aontas fós.
- (7) Ionas go mbeifear in ann na sochair iomlána a bhaint amach a luaithe is féidir leis an gComhaontú, ba cheart é a thabhairt i gcrích go pras. Chuige sin, meastar, tráth a shíneofar an Comhaontú, go ndéanfaidh an tAontas agus a Bhallstáit agus Ballstáit Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas ráiteas ("ráiteas ó na Páirtithe") go ndéanfaidh siad, i gcomhréir lena ndlíthe agus a rialacháin is infheidhme, gach beart is gá chun an Comhaontú a thabhairt i bhfeidhm a chaoithiúla agus is féidir.

- (8) Bhí freagairt neamh-chomhordaithe na dtíortha ar fud an domhain ar phaindéim COVID-19 thar a bheith suaiteach don tionscal eitlíochta. Chun suaiththead den sórt sin a sheachaint i gcás géarchéimeanna amach anseo, tá gá le comhordú níos fearr idir an tAontas agus na príomh-chomhpháirtithe idirnáisiúnta. Meastar, dá bhrí sin, tráth a shíneofar an Comhaontú, go gcuirfidh na Páirtithe in iúl sa ráiteas ó na Páirtithe go bhfuil sé beartaithe acu dlúthphlé agus dlúthchomhordú a dhéanamh, faoi chuimsiú an Chomhchoiste dá bhforáiltear faoin gComhaontú, maidir le freagairtí ar theagmhais ghéarchéime gan choinne, amhail paindéim COVID-19, chun aon éifeacht shuaiteach ar aersheirbhísí a mhaolú, a mhéid is féidir.
- (9) Ba cheart an ráiteas ó na Páirtithe a fhorghas thar ceann an Aontais.
- (10) Tiomsófar sa ráiteas ó na Páirtithe, chomh maith le ráiteas ó Bhallstáit an Aontais agus ó Bhallstáit ASEAN cé is moite den Mhalaeisia agus ráiteas ón Malaeisia, staidreamh i dTaifead na Ráiteas a rinneadh tráth shíniú Chomhaontú Cuimsitheach Aeriompair ASEAN-AE (“Taifead na Ráiteas”). Ba cheart síniú Thaifead na Ráiteas a údarú, thar ceann an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear an Comhaontú Cuimsitheach Aeriompair idir Ballstáit Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir an comhaontú sin <sup>(1)</sup> a thabhairt i gcrích.

*Airteagal 2*

Leis seo, déantar an Ráiteas ó Bhallstáit Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas agus ón Aontas Eorpach agus a Bhallstáit <sup>(2)</sup> a fhorghas thar ceann an Aontais.

Leis seo, údaraítear Taifead na Ráiteas a rinneadh tráth shíniú Chomhaontú Cuimsitheach Aeriompair ASEAN-AE a shíniú thar ceann an Aontais <sup>(3)</sup>.

*Airteagal 3*

Leis seo, údaraítear d'Uachtarán na Comhairle an duine/na daoine a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige/acu an Comhaontú a shíniú, thar ceann an Aontais

Leis seo, údaraítear d'Uachtarán na Comhairle an duine/na daoine a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige/acu Taifead na Ráiteas a shíniú, thar ceann an Aontais

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhrúiséal, an 20 Meán Fómhair 2022.

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
M. BEK

<sup>(1)</sup> Foilseofar téacs an Chomhaontaithe in éineacht leis an gCinneadh tráth a thabhairt i gcrích.

<sup>(2)</sup> Foilseofar téacs an Ráitis in éineacht leis an gComhaontú.

<sup>(3)</sup> Foilseofar téacs Thaifead na Ráiteas in éineacht leis an gComhaontú.

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/1644 ÓN gCOIMISIÚN

an 7 Iúil 2022

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais shonracha chun rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar úsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de atá údaraithe mar tháirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin bheathaithe agus ar úsáid substaintí toirmisceithe nó neamhúdaraithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus ar úsáid iarmhar díobh**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 19(2), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2017/625, leagtar síos rialacha maidir le húdarais inniúla na mBallstát rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile a dhéanamh chun comhlíonadh reachtaíocht an Aontais i réimse na sábháilteachta bia agus beatha a fhíorú. Go háirithe, le hAirteagal 9 den Rialachán sin ceanglaítear ar na húdarais inniúla rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar na hoibreoír ar fad go rialta, ar bhonn riosca agus a mhinice is iomchuí. Le hAirteagal 109 den Rialachán sin, cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit a áirithiú gur ar bhonn plean rialaithe náisiúnta ilbhliantúil ("MANCP") a dhéanfaidh na húdarais inniúla na rialuithe oifigiúla. Thairis sin, le Rialachán (AE) 2017/625, sonraítear ábhar ginearálta MANCP, lena n-áirítear an ceanglas ar na Ballstáit foráil a dhéanamh ina MANCP maidir le rialuithe oifigiúla ar úsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de atá údaraithe mar tháirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin bheathaithe agus ar úsáid substaintí toirmisceithe nó neamhúdaraithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus ar úsáid iarmhar díobh. Le Rialachán (AE) 2017/625, tugtar de chumhacht don Choimisiún ceanglais shonracha a leagan síos chun na rialuithe oifigiúla sin a dhéanamh, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, raon na samplaí agus an chéim den táirgeadh, den phróiseáil agus den dáileadh ag ar gá na samplaí a thógáil, ag féachaint do na guaiseacha agus do na rioscaí a bhaineann leis na substaintí dá dtagraítear in Airteagal 19(1) den Rialachán sin.
- (2) Le Rialachán (AE) 2017/625, aisghairtear Treoir 96/23/CE ón gComhairle <sup>(2)</sup> le héifeacht ón 14 Nollaig 2019 agus leagtar síos leis na bearta idirthréimhseacha ábhartha. Leis na bearta idirthréimhseacha sin foráiltear go bhfuil na húdarais inniúla le leanúint de na rialuithe oifigiúla is gá a dhéanamh i gcomhréir le Treoir 96/23/CE, go dtí an 14 Nollaig 2022, chun láithreach substaintí agus grúpaí iarmhar áirithe a bhrath. Go sonrach, leagtar síos leis na bearta idirthréimhseacha ceanglais maidir le pleananna faireacháin na mBallstát chun iarmhair nó substaintí a thagann faoina raon feidhme a bhrath.

<sup>(1)</sup> IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Treoir 96/23/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 maidir le bearta chun faireachán a dhéanamh ar shubstaintí áirithe agus ar iarmhair na substaintí sin in ainmhithe beo agus i dtáirgí ainmhithe agus lena n-aisghairtear Treoir 85/358/CEE agus Treoir 86/469/CEE agus Cinneadh 89/187/CEE agus Cinneadh 91/664/CEE (IO L 125, 23.5.1996, lch. 10).

- (3) Áiríthear leis an Rialachán seo leanúnachas na rialacha a leagtar síos i dTreoir 96/23/CE maidir le rialuithe oifigiúla ar iarmhair substaintí a ngabhann gníomhaíocht cógaseolaíochta leo, ar iarmhair a meitibílítí agus ar iarmhair substaintí eile atá in-tarchurtha chuig táirgí ainmhithe ar dócha dóibh a bheith díobhálach do shláinte an duine.
- (4) Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha maidir le raon na samplaí agus an chéim den táirgeadh, den phróiseáil agus den dáileadh ag a mbeidh na samplaí le tógáil a mhéid a bhaineann le húsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de atá údaraithe mar tháirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin bheathaithe agus le húsáid substaintí toirmisceithe nó neamhúdaraithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus le húsáid iarmhar díobh.
- (5) Chun a áirithiú go spriocdhíreofar rialuithe go héifeachtach sna Ballstáit uile, is iomchuí rialacha a leagan amach maidir leis na teaghlaim grúpaí substaintí agus grúpaí tráchtearraí a bheidh le sampláil ag na Ballstáit agus an straitéis samplála, lena n-áirítear critéir chun ábhar pleananna rioscabhunaithe náisiúnta agus pleananna faireachais randamaithe náisiúnta agus feidhmiú na rialuithe oifigiúla gaolmhara a shainiú.
- (6) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1646 ón gCoimisiún<sup>(3)</sup>, leagtar síos na socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha chun rialuithe oifigiúla a dhéanamh a mhéid a bhaineann le húsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de atá údaraithe mar tháirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin bheathaithe agus le húsáid substaintí toirmisceithe nó neamhúdaraithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus le húsáid iarmhar díobh, agus sonraítear ann freisin ábhar agus socruithe MANCP a mhéid a bhaineann leis na substaintí agus na hiarmhair sin.
- (7) Le hAirteagail 4, 5 agus 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1646, sonraítear ábhar na bpleananna rioscabhunaithe náisiúnta agus na bpleananna faireachais randamaithe náisiúnta a bheidh dírithe ar rialuithe oifigiúla ar úsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de atá údaraithe mar tháirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin bheathaithe agus ar úsáid substaintí toirmisceithe nó neamhúdaraithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus ar úsáid iarmhar díobh. Ba cheart a áireamh sna pleananna sin, *inter alia*, liosta na dteaglaim substaintí agus speiceas, táirgí agus maitrisí a áirítear sna pleananna rialaithe a bhfuil na rialacha i leith an roghnaithe sin sainithe sa Rialachán Tarmligthe seo. Straitéis samplála ar cheart critéir a luaitear sa Rialachán Tarmligthe seo a chur san áireamh ina leith, sin rud ba cheart dó na Ballstáit straitéis samplála a áireamh ina bpleananna náisiúnta freisin.
- (8) Toisc go bhfuil na rialacha a leagtar síos sna hlarscríbhinní a ghabhann le Treoir 96/23/CE maidir le bearta chun faireachán a dhéanamh ar shubstaintí áirithe agus ar iarmhair díobh in ainmhithe beo agus i dtáirgí de bhunadh ainmhíoch le cur i bhfeidhm go dtí an 14 Nollaig 2022, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 15 Nollaig 2022,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### Airteagal 1

Chun críocha an Rialachán seo, tá feidhm ag na sainmhínte a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>(4)</sup>, i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2090 ón gCoimisiún<sup>(5)</sup> agus i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/808 ón gCoimisiún<sup>(6)</sup>.

<sup>(3)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1646 ón gCoimisiún an 7 Iúil 2022 maidir le socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha chun rialuithe oifigiúla a dhéanamh a mhéid a bhaineann le húsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de atá údaraithe mar tháirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin bheathaithe agus le húsáid substaintí toirmisceithe nó neamhúdaraithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus le húsáid iarmhar díobh, agus maidir le hábhar sonrath pleananna rialaithe náisiúnta ilbhliantúil agus socruithe sonracha chun iad a ullmhú (Féach leathanach 32 den Iris Oifigiúil seo).

<sup>(4)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos na príonsabail ghinearálta agus na ceanglais ghinearálta maidir le dlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

<sup>(5)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2090 ón gCoimisiún an 19 Meitheamh 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cásanna d'amhras go bhfuil neamhchomhlíontacht ann i ndáil le rialacha AE is infheidhme maidir le húsáid nó iarmhair substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus atá údaraithe i dtáirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin bheathaithe nó i gcásanna ina bhfuiltear in amhras nó ina suitear go bhfuil neamhchomhlíontacht ann i ndáil le rialacha AE is infheidhme maidir le húsáid nó iarmhair substaintí toirmisceithe nó neamhúdaraithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de (IO L 317, 9.12.2019, lch. 28).

<sup>(6)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/808 ón gCoimisiún an 22 Márta 2021 maidir le modhanna anailíse a fheidhmiú i leith iarmhair substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus a úsáidtear i mbia-ainmhithe agus maidir torthaí a léirmhíniú agus maidir leis na modhanna atá le húsáid le haghaidh samplála agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2002/657/CE agus Cinneadh 98/179/CE (IO L 180, 21.5.2021, lch. 84).

Ina theannta sin, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (1) ciallaíonn “sampla oifigiúil” sampla arna thógáil ag an údarás inniúil, sampla ar a bhfuil, chun críoch scrúdú a dhéanamh ar na hiarmhair nó ar na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn I, tagairt don speiceas, don chineál, don chainníocht lena mbaineann, don mhodh bailiúcháin agus sonraí lena saináithnítear gnéas an ainmhí agus tionscnamh an ainmhí nó an táirge de bhunadh ainmhíoch, mar is infheidhme.
- (2) ciallaíonn “sampláil spriocdhírthe” sampla oifigiúil nó samplaí oifigiúla a thógáil agus é mar aidhm an fhéidearthacht a uasmhéadú go mbraithfí neamhchomhlíonadh uasteorainneacha iarmhar nó uasleibhéal iarmhar, arna leagan síos i reachtaíocht an Aontais, i gcás substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de.
- (3) ciallaíonn “sampláil randamach” sampla oifigiúil nó samplaí oifigiúla a thógáil i gcomhréir le gnéithe staidrimh, d’fhonn sonraí ionadaíocha a sholáthar.
- (4) ciallaíonn “sampláil amhrais” samplaí oifigiúil a thógáil mar obair leantach ar thorthaí rialaithe atá neamhchomhlíontach, nó mar an obair leantach ar aon neamhchomhlíontacht amhrasta nó neamhchomhlíontacht a shuitear i ndáil le rialacha an Aontais maidir le substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de, mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2090.
- (5) ciallaíonn “maitrís” an t-ábhar as a dtógtar sampla, lena n-áirítear baill choirp, sreabháin, tuartha agus fíocháin ainmhithe, táirgí de bhunadh ainmhíoch, seachtháirgí ainmhí, beatha ainmhithe agus uisce.
- (6) ciallaíonn “bia-ainmhithe” ainmhithe a phóraítear, a thógtar, a choimeádtar, a mharaítear nó a phróiseáiltear chun bia a tháirgeadh.
- (7) ciallaíonn “iarmhar” iarmhar substaintí a ngabhann gníomhaíocht cógaseolaíochta leo, iarmhar mheitibilítí na substaintí sin, táirgí díghrádúcháin na substaintí sin agus substaintí gaolmhara eile atá i láthair in ainmhithe nó i dtáirgí de bhunadh ainmhíoch.

## Airteagal 2

1. Rialóidh na Ballstáit úsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de atá údaraithe mar tháirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin bheathaithe, agus láithreachta substaintí toirmiscithe nó neamhúdaraithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus iarmhar díobh a liostaítear in Iarscríbhinn I.

2. Maidir le pleananna rialaithe rioscabhunaithe náisiúnta i ndáil le táirgeadh sna Ballstáit, mar a shonraítear in Airteagal 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1646, rialóidh na Ballstáit teaglamaí grúpaí substaintí agus grúpaí tráchtarraí i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo agus glacfaidh siad straitéis samplála i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

3. Maidir le pleananna faireachais randamaithe náisiúnta i ndáil le táirgeadh sna Ballstáit, mar a shonraítear in Airteagal 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1646, rialóidh na Ballstáit teaglamaí grúpaí substaintí agus grúpaí tráchtarraí i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo agus glacfaidh siad straitéis samplála i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo.

4. Maidir le pleananna rialaithe rioscabhunaithe náisiúnta i ndáil le hallmhairiúcháin tríú tíortha, mar a shonraítear in Airteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1646, rialóidh na Ballstáit teaglamaí grúpaí substaintí agus grúpaí tráchtarraí i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo agus glacfaidh siad straitéis samplála i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*

Déanfar tagairtí d'Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Treoir 96/23/CE a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 15 Nollaig 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 7 Iúil 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---



## IARSCRÍBHINN I

Grúpa A — Substaintí toirmisceithe nó neamhúdaraithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de i mbia-ainmnithe

1. Substaintí a ngabhann gníomhaíocht hormónach agus thíreastatach leo agus béite-agónaithe a bhfuil a n-úsáid toirmisceithe faoi Threoir 96/22/CE ón gComhairle <sup>(1)</sup>:
  - (a) Stilbéiní;
  - (b) Oibreáin thíreastatacha;
  - (c) Stéaróidigh;
  - (d) Lachtóin aigéid reasairciligh, lena n-áirítear séaranól;
  - (e) Béite-agónaithe.
  
2. Substaintí toirmisceithe a liostaítear i dTábla 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 37/2010:
  - (a) Clóraitfeineacól;
  - (b) Nítreatfúráin;
  - (c) Démheitríodasól, meitríníodasól, róníodasól agus nítri-imíodasóil eile;
  - (d) Substaintí eile.
  
3. Substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de, nach liostaítear i dTábla 1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 37/2010 <sup>(2)</sup> nó substaintí nach n-údaráítear lena n-úsáid i mbeatha le haghaidh bia-ainmhithe san Aontas de réir Rialachán (AE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(3)</sup>:
  - (a) Ruaimeanna;
  - (b) Táirgí cosanta plandaí mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(4)</sup> agus bithicídí mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(5)</sup> a d'fhéadfaí a úsáid i bhfeirmeoireacht ainmhithe bia-ainmhithe;
  - (c) Substaintí frithmhiocróbacha;
  - (d) Coicideastait, histeamonastait agus frithsheadánaigh eile;
  - (e) Hormóin phróitéine agus pheiptíde;
  - (f) Drugaí frith-athlastacha, támhacháin agus aon substaint eile atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de;
  - (g) Substaintí frithvíreasacha.

<sup>(1)</sup> Treoir 96/22/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 a bhaineann le toirmeasc ar shubstaintí áirithe a ngabhann gníomhaíocht hormónach nó thíreastatach leo, agus ar bhéite-agónaithe, a úsáid i bhfeirmeoireacht stoic agus lena n-aisghairtear Treoracha 81/602/CEE, 88/146/CEE agus 88/299/CEE (IO L 125, 23.5.1996, lch. 3).

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 37/2010 ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2009 maidir le substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus a n-aicmiú maidir le huasteorainneacha iarmhar in earraí bia de bhunadh ainmhióch (IO L 15, 20.1.2010, lch. 1).

<sup>(3)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe (IO L 268, 18.10.2003, lch. 29).

<sup>(4)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

<sup>(5)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid (IO L 167, 27.6.2012, lch. 1).

Grúpa B — Substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de a údaraítear lena n-úsáid i mbia-ainmhithe

1. Substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de a liostaítear i dTábla 1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 37/2010:
    - (a) Substaintí frithmhiocróbacha;
    - (b) Feithidicídí, fungaicídí, frith-heilimintigh agus frithsheadánaigh eile;
    - (c) Támhacháin;
    - (d) Drugaí frith-athlastacha neamhstéaróideacha (NSAIDanna), cortacaistéaróidigh agus glúcacortacóidigh;
    - (e) Substaintí eile atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de.
  2. Coicideastait agus histeamonastait a údaraítear de réir reachtaíocht an Aontais agus a bhfuil uasleibhéal agus uasteorainneacha iarmhar socraithe ina leith i reachtaíocht an Aontais
-

## IARSCRÍBHINN II

**Critéir chun teaghlaim shonrach de ghrúpaí substaintí agus grúpaí tráchtearraí a roghnú le haghaidh plean rialaithe rioscabhunaithe náisiúnta i ndáil le táirgeadh sna Ballstáit (dá dtagraítear in Airteagal 2(2))**

## A. Substaintí Ghrúpa A

## 1. Teaghlamaí grúpaí substaintí agus grúpaí tráchtearraí:

Grúpa substaintí faoi threoir Iarscríbhinn I	Grúpa tráchtearraí									
	Bó-ainmhithe, ainmhithe den speiceas caorach agus ainmhithe den speiceas gabhair	Speicis mhucúla	Speicis eachaí	Éan-laith chlóis	Dobharshaothrú (éisc eite, crústaigh agus táirgí do bharshaothraithe eile)	Bainne amh ó bhó-ainmhithe, ó ainmhithe den speiceas caorach agus ó ainmhithe den speiceas gabhair	Uibheacha ó chearca agus uibheacha eile	Coiníní, géim feirme agus reiptílí agus feithidí	Mil	Craicne(*)
A(1), pointe (a)	X	X						X (**)		
A(1), pointe (b)	X	X	X					X (***)		
A(1), pointe (c)	X	X	X		X (****)			X (***)		
A(1), pointe (d)	X	X						X (***)		
A(1), pointe (e)	X	X	X	X				X (***)		
A(2)	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X
A(3), pointe (a)					X					
A(3), pointe (b)	X	X	X	X	X	X	X	X	X	
A(3), pointe (c)	X	X	X	X	X	X	X	X (**)	X	
A(3), pointe (d)	X	X		X			X	X (**)		
A(3), pointe (e)										
A(3), pointe (f)	X	X	X	X	X	X	X	X	X	
A(3), pointe (g)										

(\*) Mar a shainmhínítear i Rialachán Tarmlichte (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí gearmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis teacht isteach dóibh (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

(\*\*) Ní bhaineann le hábhar i gcás feithidí.

(\*\*\*) Ábhartha i gcás reiptílí amháin.

(\*\*\*\*) Ábhartha i gcás éisc eite amháin.

- Déanfar anailís ar an iarmhar nó ar na grúpaí substaintí i samplaí a thógfar as bia-ainmhithe lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, a dtuartha agus a sreabháin coirp agus táirgí neamhphróiseáilte ainmhí, beatha, uisce agus seachtháirgí ainmhí.
- I gcás ina mbeidh tásca nó amhras ann i leith iarmhair nó grúpaí substaintí go bhféadfadh cóireálacha mídhleathacha tarlú maidir le speicis nó táirgí nach gcumhdaítear le tábla na hIarscríbhíne seo, áireofar na rialuithe sin sa phlean rialaithe rioscabhunaithe i ndáil le táirgeadh sna Ballstáit freisin.

2. Critéir chun substaintí sonracha a roghnú le haghaidh tástála laistigh de gach grúpa substaintí:

- a mhíne a bhraitear neamhchomhlíontacht sa Bhallstát nó a thuairiscítear í sna torthaí ó Bhallstáit eile, nó i samplaí tríú tíortha, go háirithe nuair a thuairiscítear í faoin gCóras Mear-Rabhaidh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe ("RASFF") nó faoin gCóras um Chúnadh agus Comhar Riaracháin ("AAC") nó nuair atá fianaise ann go n-úsáidtear i dtríú tíortha substaintí nach bhfuil údaraithe lena n-úsáid i mbia-ainmhithe san Aontas,
- modhanna oiriúnacha saotharlainne agus caighdeán anailíseacha oiriúnacha a bheith ar fáil,
- substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de ar dócha go ndéanfaí iad a mhí-úsáid chun an táirgeadh a mhéadú nó chun an comhshó beatha a mhéadú,
- substaintí toirmisceithe nó neamhúdaraithe a bhfuil tásca ann maidir lena mí-úsáid,
- riosca féideartha do thomhaltóirí nó do ghrúpaí áirithe den daonra a eascraíonn as iarmhair atá i mbia a thomhailt, agus an fhaisnéis ábhartha atá ar fáil, *inter alia*, ón nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach, ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus ón gComhchoiste Saineolaíche *Codex Alimentarius* maidir le Breiseáin i mBia á cur san áireamh, nó in éagmais na faisnéise sin, foinsí eile faisnéise amhail foilseacháin eolaíochta nó measúnuithe riosca náisiúnta.

3. Critéir chun ainmhithe agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a roghnú:

- tasc maidir le húsáid substaintí sonracha atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de, lena n-áirítear ciorrú ag na cluasa nó ag an aireaball nó baill insteallta a bheith ann,
- saintréithe gnéis tánaisteacha, athruithe iompraíochta, comharthaí de ghalar nó de neamhoird ainsealacha, stádas sláinte éagsúil ainmhithe sonracha san aon ghrúpa amháin,
- gnéas, aois agus stádas toirchis na n-ainmhithe,
- stair tréidliachta agus deimhniú sláinte an ainmhí,
- ainmhithe a bhfuil cruth maith fisiciúil orthu, a bhfuil matáin dhea-fhorbartha acu, agus nach bhfuil mórán saille orthu.

## B. Substaintí Ghrúpa B

1. Critéir chun substaintí sonracha a roghnú le haghaidh tástála laistigh de gach grúpa substaintí:

- a mhíne a bhraitear neamhchomhlíontacht i samplaí an Bhallstáit, i samplaí Ballstát eile nó i samplaí tríú tíortha, go háirithe nuair a thuairiscítear í faoi RASFF nó faoi AAC,
- modhanna oiriúnacha saotharlainne agus caighdeán anailíseach oiriúnach a bheith ar fáil,
- faisnéis maidir leis na cainníochtaí de tháirgí íocshláinte tréidliachta a tháirgtear, a allmhairítear, a onnmhairítear, a mhargaítear agus a dhíoltar le haghaidh speiceas sonracha bia-ainmhí,
- faisnéis maidir leis an slabhra dáilte táirgí íocshláinte tréidliachta agus leis an gclár náisiúnta substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de atá údaraithe mar tháirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin bheathaithe, faisnéis maidir leis na patrúin oideasaithe is mó úsáid,
- an dóchúlacht go mbainfí mí-úsáid as na substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de,
- uasteorainneacha iarmhar agus uasleibhéil maidir le substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus breiseáin bheathaithe, lena n-áirítear srianta (e.g. níltear le húsáid in ainmhithe atá ag luchtadh),

- ullmhóidí táirgí íocshláinte tréidliachta a bhfuil tréimhsí fada tarraingthe siar, i ndiaidh cóireáil ainmhithe, bunaithe ina leith chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh táirgí ainmhithe neamhphróiseáilte inite uasteorainneacha iarmhar an Aontais,
  - cóireáil a d'fhéadfaí a dhéanamh ar bhia-ainmhithe faoi Airteagail 113 agus 114 de Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup>.
2. Critéir chun grúpaí substaintí agus ainmhithe agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a roghnú:
- faisnéis maidir leis na húdaruithe margáíochta i leith táirgí íocshláinte tréidliachta ina bhfuil substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de le haghaidh speicis ainmhithe shonracha agus aicmí táirgthe sonracha,
  - faisnéis maidir leis na húdaruithe margáíochta i leith breiseáin bheathaithe le haghaidh speicis ainmhithe shonracha agus aicmí táirgthe sonracha,
  - faisnéis maidir le minicíocht úsáide substaintí a bhaineann le catagóirí substaintí sonracha i speicis ainmhithe shonracha,
  - a mhínicí a bhraitear neamhchomhlíontacht i leith iarmhair substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus breiseán beathaithe in aghaidh na catagóire táirgthe,
  - faisnéis maidir leis na rátaí frithsheasmhachta in aghaidh ábhair fhrithmhíocróbacha in earnálacha táirgthe ainmhithe áirithe.

---

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE (IO L 4, 7.1.2019, lch. 43).

## IARSCRÍBHINN III

**Critéir maidir le straitéis samplála le haghaidh plean rialaithe rioscabhunaithe náisiúnta i ndáil le táirgeadh sna Ballstáit (dá dtagraítear in Airteagal 2(2))**

1. Déanfar an tsampláil ag eatraimh athraitheacha a roinnfear go cothrom le linn na bliana nó le linn na tréimhse táirgthe ábhartha. Sa chomhthéacs sin, measfar nach dtabharfar roinnt substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de ach le linn séasúir ar leith.
2. Déanfar an tsampláil ag céim an mharaithe, ag céim an bhailithe nó ag céim na próiseála, sin nó gar do na céimeanna sin. I gcás shubstaintí Ghrúpa A, áfach, ba cheart sampláil a dhéanamh ag aon chéim ábhartha le linn shaolré na n-ainmhithe freisin.
3. Beidh gach sampla spriocdhírthe de réir na gcritéar a leagtar síos sa phlean rialaithe náisiúnta. I gcás shubstaintí Ghrúpa A, is ar chóireáil mhídhleathach le substaintí toirmisceithe nó neamhúdaráithe a bhrath a spriocdhíreofar an tsampláil — dá bhrí sin, roghnófar ainmhithe is dóchúla gur cóireáladh iad de rogha ar na hainmhithe sin ní dóchúil gur cóireáladh iad, agus, toisc go ndéanfar cuid mhaith den tsampláil sin ar an bhfeirm, féadfaidh samplaí d'uisce óil agus de bheatha a bheith iomchuí de bhreis ar ábhair neamh-inite amhail fuil, fual, faecas, fionnadh etc.
4. I gcás shubstaintí Ghrúpa B, ní áireofar sna samplaí ach fíocháin/táirgí inite (is é an cuspóir an chomhlíontacht le huasteorainneacha iarmhar agus uasleibhéil a fhíorú). Táirgí ó na hainmhithe sin ar dócha gur cóireáladh iad le substaint shonrach atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de nó le substaint d'aicme theirpeach táirgí íocshláinte tréidliachta, is ar na táirgí sin a spriocdhíreofar an tsampláil.
5. Féadfaidh samplaí ó bhaill insteallta a bheith iomchuí chun úsáid mhídhleathach substaintí a rialú. I gcás ina dtógar samplaí ó bhaill insteallta, ba cheart é sin a lua go soiléir agus torthaí anailíse ó na samplaí sin á dtuairisciú.
6. Critéir chun na hainmhithe nó na táirgí atá le rialú le haghaidh gach oibreora gnólacht bia atá le rialú a roghnú:
  - stair neamhchomhlíontachta na feirme nó an táirgeora,
  - laigí in úsáid táirgí íocshláinte tréidliachta, easnaimh a sainaitníodh i rialuithe roimhe seo, méadú tuairiscithe ar chaillteanas ainmhithe ar an bhfeirm, stádas sláinte ainmhithe na feirme, stádas eipidéimeolaíoch an réigiúin,
  - faisnéis maidir leis an gcóras feirmeoireachta, leis an gcóras ramhraithe, agus le póir agus gnéis na n-ainmhithe,
  - cleachtas choiteanna maidir le substaintí ar leith atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de a riar ar an bhfeirm atá i gceist nó sa chóras táirgthe atá i gceist,
  - tásca maidir le húsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de,
  - easpa nó neamhiontaofacht féinseiceálacha, ballraíocht i scéimeanna dearbhairthe cáilíochta (nuair atá siad ar fáil) agus torthaí tástála faoi scéimeanna den sórt sin,
  - fianaise ar mhaoriseacht neamh-leordhóthanach ar an bhfeirm ag tréidlianna,
  - sampláil ionadaíoch gan beann ar mhéid an oibreora gnólacht bia.
7. Critéir chun seamlais, ionaid spólta, bunaíochtaí táirgthe bainne, bunaíochtaí táirgthe agus cur ar an margadh táirgí do bharshaothraithe, bunaíochtaí táirgthe meala agus uibheacha agus ionaid pacála uibheacha a roghnú ar cheart samplaí a thógáil uathu:
  - na critéir a liostaítear faoi phointí A.2 agus B.1 d'Iarscríbhinn II agus pointe 6 den Iarscríbhinn seo,
  - sciar na mbunaíochtaí faoi seach de mhéid iomlán táirgeachta na tíre,
  - neamhchomhlíontacht a sainaitníodh le linn rialuithe roimhe seo ar úsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus na n-iarmhar díobh in ainmhithe agus táirgí ainmhithe,

- tionscnamh agus bealaí iompair na n-ainmhithe maraithe, an bhainne, na n-uibheacha agus na meala,
  - easpa rannpháirtíochta i gcláir dearbhaithe cáilíochta (nuair atá siad ar fáil),
  - raon feidhme agus torthaí féinseiceálacha le haghaidh iarmhar.
8. Nuair a bheidh na samplaí a dtógáil, déanfar iarracht ilsampláil a sheachaint (i.e. roinnt samplaí éagsúla a thógáil ón aon ainmhí/táirge amháin (seachas má dhéantar anailís ar na samplaí éagsúla le haghaidh grúpa éagsúil substaintí), nó roinnt ainmhithe/táirgí a shampláil ón aon táirgeoir amháin ar lá áirithe nuair a d'fhéadfaí samplaí a thógáil ó ainmhithe/táirgí ó roinnt táirgeoirí a chomhlíonadh na critéir spriocdhírthe) seachas má sainithníodh an t-oibreoir ar bhonn na gcritéar a áirítear i bpointe 6 nó má tá bonn cirt cuí curtha ar fáil sa phlean rialaithe. Áiritheofar go gcomhlíonfar minicíocht phleanáilte na seiceálacha.
-

## IARSCRÍBHINN IV

**Critéir chun teaghlaim shonrach grúpaí substaintí agus grúpaí tráchtearraí a roghnú le haghaidh plean faireachais randamaithe náisiúnta i ndáil le táirgeadh sna Ballstáit (dá dtagraítear in Airteagal 2(3))****Substaintí Ghrúpa A**

Tógtar samplaí de theaghlaim grúpaí substaintí agus grúpaí tráchtearraí de bhreis orthu siúd nach ndéantar foráil ina leith i bplean rioscabhunaithe náisiúnta na mBallstát maidir le táirgeadh sna Ballstáit.

**Substaintí Ghrúpa B**

Teaglamaí grúpaí substaintí agus grúpaí tráchtearraí:

Grúpa substaintí	Bó-ainmhithe, ainmhithe den speiceas caorach agus ainmhithe den speiceas gabhair	Speicis mhucúla	Speicis eachaí	Éanlaith chlóis	Dobharshaothrú (éisc eite, crústaigh agus táirgí dobharshaothraithe eile)	Bainne amh ó bhó-ainmhithe, ó ainmhithe den speiceas caorach agus ó ainmhithe den speiceas gabhair	Uibheacha ó chearca agus uibheacha eile	Coiníní, géim feirme, reiptílí agus feithidí	Mil
B1a	X	X	X	X	X	X	X	X	X
B1b	X	X	X	X	X	X	X	X	X
B1c	X	X	X					X	
B1d	X	X	X	X		X		X	
B1e	X	X	X	X	X	X	X	X	X
B2	X	X	X	X		X	X	X	

Maidir le gach sampla le haghaidh cineál sonrach ainmhí nó táirge, déanfar anailís air i leith an raon is leithne agus is indéanta go praiticiúil de na grúpaí substaintí a liostaítear sa tábla a áirítear san Iarscríbhinn seo.

Maidir le cineál sonrach ainmhí nó táirge, áiríteofar go gcumhdófar leis an bplean faireachais gach grúpa substaintí a liostaítear sa tábla. Déanfar na rialuithe ar an oiread substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus is féidir, ar substaintí iad a bhfuil uasteorainneacha iarmhar socraithe ina leith i dTábla 1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 37/2010, nó déanfar iad ar bhreiseáin bheathaithe a bhfuil uasteorainneacha iarmhar agus uasleibhéil socraithe ina leith de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.



## IARSCRÍBHINN V

**Critéir maidir le straitéis samplála le haghaidh plean faireachais randamaithe náisiúnta i ndáil le táirgeadh sna Ballstáit (dá dtagraítear in Airteagal 2(3))**

1. Beidh an tsampláil randamach agus déanfar í ag céim an mharaithe, ag céim an bhailithe nó ag céim na próiseála, sin nó gar do na céimeanna sin, agus beidh sí ionadaíoch ar phatrún táirgeachta/tomhaltais na mBallstát:
  - i gcás shubstaintí Ghrúpa A, le linn próiseas táirgthe bia-ainmhithe agus táirgí neamhphróiseáilte de bhunadh ainmhíoch a dhéanfar an tsampláil ar bhia-ainmhithe beo; agus a mbaill choirp, a dtuartha, a sreabháin coirp agus a bhfíochán; táirgí de bhunadh ainmhíoch, seachtháirgí ainmhí, beatha ainmhithe agus uisce, cibé mairtís is ábhartha.
  - i gcás shubstaintí Ghrúpa B, ní dhéanfar sampláil ach ar fheoil úr nó reoite, scairteach inite, uibheacha, bainne nó mil (chomh gar agus is féidir don dáta táirgthe) nach bhfuil tuilleadh próiseála nó measctha déanta orthu.
2. I gcás ina bhfuil anailís le déanamh ar roinnt catagóirí substaintí san aon sampla amháin, déanfar méid an tsampla a choigeartú de réir mar is cuí.

---

## IARSCRÍBHINN VI

**Critéir chun teaghlaim shonrach grúpaí substaintí agus grúpaí tráchtearraí a roghnú le haghaidh plean rialaithe rioscabhunaithe náisiúnta i ndáil le hallmhairiúcháin tríú tíortha (dá dtagraítear in Airteagal 2(4))**

1. Na critéir ábhartha a liostaítear in Iarscríbhinn II.
2. Faisnéis maidir leis na rudaí seo a leanas, nuair a bhíonn sí ar fáil agus ábhartha:
  - fógraí RASFF agus córas AAC le haghaidh iarmhar i mbia allmhairithe,
  - torthaí rialuithe an Choimisiúin i dtríú tíortha,
  - leibhéal na ráthaíochtaí arna dtabhairt ag an allmhairioir i ndáil le reachtaíocht an Aontais maidir le substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de a bheith á comhlíonadh ag bia allmhairithe de bhunadh ainmhíoch, lena n-áirítear uasteorainneacha iarmhar agus uasleibhéal an Aontais a bheith á gcomhlíonadh nó fianuithe maidir le neamhúsáid substaintí áirithe,
  - taifid maidir le neamhchomhlíontachtaí ag oibreoirí aonair gnólachta bia nó ag allmhairioirí arna sainaitheint i rialuithe allmhairí roimhe seo sna Ballstáit.
3. Faisnéis ábhartha arna soláthar ag seirbhísí an Choimisiúin maidir leis na rudaí seo a leanas, i gcás ina bhfuil sí ar fáil:
  - úsáid substaintí atá toirmisceithe nó neamhúdaráithe san Aontas atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de sa tríú tír, faisnéis a bheith ann maidir leis na srianta ar an úsáid sin, cleachtais riartha maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta (e.g. le rannpháirtíocht gairmithe sláinte ainmhithe údaraithe nó gan an rannpháirtíocht sin),
  - dáileadh táirgí íocshláinte tréidliachta agus cé acu atá siad ar fáil thar an gcuntar nó faoi réir oideas tréidliachta,
  - má tá oibleagáid ann taifid a choimeád maidir le cóireáil le táirgí íocshláinte tréidliachta ar fheirmeacha sa tríú tír,
  - má dhéantar ainmhithe a shainaitheint (agus ar an gcaoi sin gur féidir iad a nascadh le cóireálacha) agus má dhéantar, conas a dhéantar é.

## IARSCRÍBHINN VII

**Critéir maidir le straitéis samplála le haghaidh plean rialaithe rioscabhunaithe náisiúnta i ndáil le hallmhairiúcháin tríú tíortha (dá dtagraítear in Airteagal 2(4))**

1. Is de réir rialacha a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a bheidh an tsampláil spriocdhírthe, agus na rialacha sin á bhforlíonadh leis na rialacha ábhartha a leagtar síos in Iarscríbhinn III.
    - I gcás shubstaintí Ghrúpa A, is ar an gcóireáil mídhleathacha le substaintí toirmisceithe nó neamhúdaráithe a bhrath a bheidh an tsampláil spriocdhírthe.
    - I gcás shubstaintí Ghrúpa B, is ar chomhlíonadh uasteorainneacha iarmhar nó uasleibhéal iarmhar i gcás substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de arna mbunú i reachtaíocht an Aontais a rialú a bheidh an tsampláil spriocdhírthe.
  2. Tógfar na samplaí ag an bpointe iontrála chun an Aontais isteach.
-

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/1645 ÓN gCOIMISIÚN****an 14 Iúil 2022**

**lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le ceanglais, i ndáil le bainistíocht rioscaí slándála faisnéise a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar shábháilteacht eitlíochta, ar eagraíochtaí a chumhdaítear le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 agus Uimh. 139/2014 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 agus Uimh. 139/2014 ón gCoimisiún**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, (CE) Uimh. 1008/2008, (AE) Uimh. 996/2010, (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoracha 2014/30/AE agus 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 19(1) pointe (g) agus Airteagal 39(1) pointe (b) de.

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir leis na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn II, pointe 3.1(b), a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1139, tá eagraíochtaí deartha agus táirgthe le córas bainistíochta a chur chun feidhme agus a chothabháil chun rioscaí sábháilteachta a bhainistiú.
- (2) Ina theannta sin, i gcomhréir leis na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn VII, pointe 2.2.1 agus pointe 5.2, a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1139, tá oibreoirí aeradróim agus soláthraithe seirbhísí bainistíochta náprúin le córas bainistíochta a chur chun feidhme agus a chothabháil chun rioscaí sábháilteachta a bhainistiú.
- (3) Is féidir leis na rioscaí sábháilteachta dá dtagraítear in aithrisí (1) agus (2) eascairt as foinsí éagsúla, lena n-áirítear lochtanna deartha agus cothabhála, gnéithe a bhaineann le feidhmiú an duine, bagairtí comhshaoil agus bagairtí slándála faisnéise. Dá bhrí sin, ba cheart a chur san áireamh sna córais bhainistíochta, arna gcur chun feidhme ag na heagraíochtaí dá dtagraítear in aithrisí (1) agus (2), ní hamháin rioscaí sábháilteachta a eascraíonn as teagmhais randamacha ach rioscaí sábháilteachta a eascraíonn as bagairtí slándála faisnéise freisin i gcás ina bhféadfaidh daoine aonair a bhfuil rún mhailíseach acu teacht i dtír ar na lochtanna atá ann. Bíonn na rioscaí slándála faisnéise sin ag dul i méid i gcónaí i dtimpeallacht na heitlíochta sibhialta toisc go mbíonn na córais faisnéise atá ann faoi láthair ag éirí níos idirnasctha an t-am ar fad agus go mbíonn gníomhaithe mailíseacha ag díriú orthu de réir a chéile.
- (4) Níl na rioscaí a bhaineann leis na córais faisnéise sin teoranta d'ionsaithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an gcibearspás, ach cuimsítear leo freisin bagairtí a d'fhéadfaidh difear a dhéanamh do phróisis agus do nósanna imeachta, agus d'fheidhmiú daoine chomh maith.
- (5) Baineann líon mór eagraíochtaí úsáid cheana féin as caighdeáin idirnáisiúnta, amhail ISO 27001, chun aghaidh a thabhairt ar shlándáil faisnéise digití agus sonraí digiteacha. Is féidir nach dtugtar aghaidh go hiomlán ar shainiúlachtaí uile na heitlíochta sibhialta leis na caighdeáin sin.
- (6) Dá bhrí sin, is iomchuí ceanglais a leagan amach maidir le bainistíocht rioscaí slándála faisnéise a d'fhéadfaidh tionchar a bheith acu ar shábháilteacht eitlíochta.
- (7) Tá sé fíor-riachtanach go gcuimseodh na ceanglais sin na réimsí éagsúla eitlíochta agus a gcomhéadain ós rud é gur córas an-idirnasctha córas í an eitlíocht. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith acu maidir le gach eagraíocht a gceanglaítear uirthi cheana córas bainistíochta a bheith aici i gcomhréir le reachtaíocht sábháilteachta eitlíochta an Aontais atá ann cheana.
- (8) Ba cheart na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach i ngach réimse eitlíochta, agus tionchar íosta á chruthú ar reachtaíocht an Aontais maidir le sábháilteacht eitlíochta a bhfuil feidhm aici cheana maidir leis na réimsí sin.

<sup>(1)</sup> IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

- (9) Ba cheart na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo a bheith gan dochar do na ceanglais maidir le slándáil faisnéise agus cibearshlándáil a leagtar síos i bPointe 1.7 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup> agus in Airteagal 14 de Threoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(3)</sup>.
- (10) Níor cheart an sainmhíniú ar shlándáil faisnéise a úsáidtear chun críocha an ghnímh dlí seo a thuiscint mar shainmhíniú atá éagsúil leis an sainmhíniú ar shlándáil córas líonraí agus faisnéise a leagtar síos i dTreoir 2016/1148.
- (11) Chun dúbláil na gceanglas dlí a sheachaint, i gcás ina bhfuil eagraíochtaí a chumhdaítear leis an Rialachán seo faoi réir ceanglais slándála cheana féin a eascraíonn as gníomhartha eile de chuid an Aontais dá dtagraítear in aithris (9), ar gníomhartha iad a bhfuil éifeacht choibhéiseach acu leis na forálacha a leagtar síos sa Rialachán seo, ba cheart a mheas gurb ionann na ceanglais slándála sin a chomhlíonadh agus na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh.
- (12) Eagraíochtaí a chumhdaítear leis an Rialachán seo atá faoi réir ceanglais slándála cheana féin a eascraíonn as Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998, ba cheart dóibh ceanglais Iarscríbhinn I (Cuid IS.D.OR.230 “Scéim tuairiscithe seachtraigh maidir le slándáil faisnéise”) a ghabhann leis an Rialachán seo a chomhlíonadh freisin ós rud é nach bhfuil aon fhoráil i Rialachán (AE) 2015/1998 maidir le tuairisciú seachtrach ar theagmhais slándála faisnéise.
- (13) Ba cheart Rialacháin (AE) Uimh. 748/2012 <sup>(4)</sup> agus Uimh. 139/2014 <sup>(5)</sup> a leasú chun an nasc a bhunú idir na córais bhainistíochta a fhorordaítear sna rialacháin a liostaítear thuas agus na ceanglais maidir le bainistíocht slándála faisnéise a fhorordaítear leis an Rialachán seo.
- (14) Chun a ndóthain ama a thabhairt d’eagraíochtaí a áirithiú go gcomhlíonfar na rialacha agus na nósanna imeachta nua a thabharfar isteach leis an Rialachán seo, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ó 3 bliana tar éis dháta a theacht i bhfeidhm.
- (15) Tá na ceanglais a leagtar síos leis an Rialachán seo bunaithe ar Thuairim Uimh. 03/2021 <sup>(6)</sup>, a d’eisigh an Gníomhaireacht i gcomhréir le hAirteagal 75(2) pointí (b) agus (c) agus Airteagal 76(1) de Rialachán (AE) 2018/1139.
- (16) I gcomhréir le hAirteagal 128(4) de Rialachán (AE) 2018/1139, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na príonsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr <sup>(7)</sup>,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

### Airteagal 1

### Ábhar

Leagtar amach sa Rialachán seo na ceanglais atá le comhlíonadh ag na heagraíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 2 chun sainaitheint agus bainistíocht a dhéanamh ar rioscaí slándála faisnéise a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar shábháilteacht eitlíochta agus a dhféadfadh difear a dhéanamh do chórais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide agus do shonraí a úsáidtear chun críocha na heitlíochta sibhialta agus chun tarluithe slándála faisnéise a bhrath agus chun a shainaitheint cé na cinn a mheastar a bheith ina dteagmhais slándála faisnéise a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar shábháilteacht na heitlíochta agus chun freagairt ar na teagmhais slándála faisnéise sin agus téarnamh uathu.

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 ón gCoimisiún an 5 Samhain 2015 lena leagtar síos bearta mionsonraithe le haghaidh chur chun feidhme na mbunachaighdeán comhchoiteann maidir le slándáil eitlíochta (IO L 299, 14.11.2015, lch. 1).

<sup>(3)</sup> Treoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann slándála do líonraí agus do chórais faisnéise ar fud an Aontais (IO L 194, 19.7.2016, lch. 1).

<sup>(4)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún an 3 Lúnasa 2012 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh aeracmhainneacht agus deimhniúchán comhshaoil aerárthaí agus táirgí gaolmhara, comhpháirteanna gaolmhara agus fearais ghaolmhara, agus le haghaidh deimhniúchán eagraíochtaí deartha agus táirgthe (IO L 224, 21.8.2012, lch. 1).

<sup>(5)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 139/2014 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2014 lena leagtar síos ceanglais agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le haeradróim de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 44, 14.2.2014, lch. 1).

<sup>(6)</sup> <https://www.easa.europa.eu/document-library/opinions>

<sup>(7)</sup> IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

*Airteagal 2***Raon feidhme**

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na heagraíochtaí seo a leanas:
  - (a) eagraíochtaí táirgthe agus eagraíochtaí deartha atá faoi réir Fhochodanna G agus J de Roinn A d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012, seachas eagraíochtaí deartha agus táirgthe nach bhfuil baint acu ach le dearadh agus/nó le táirgeadh aerárthaí ELA2 amháin mar a shainmhínítear in Airteagal 1(2), pointe (j), de Rialachán (AE) Uimh. 748/2012;
  - (b) oibreoirí aeradróim agus soláthraithe seirbhíse bainistíochta naprúin atá faoi réir Iarscríbhinn III "Na Ceanglais ar Eagraíochtaí maidir le Páirteanna (Part-ADR.OR)" a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 139/2014.
2. Tá an Rialachán seo gan dochar do na ceanglais maidir le slándáil faisnéise agus cibearshlándáil a leagtar síos i bPointe 1.7 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 agus in Airteagal 14 de Threoir (AE) 2016/1148.

*Airteagal 3***Sainmhínte**

Chun críoch an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (1) ciallaíonn "slándáil faisnéise" rúndacht, sláine, barántúlacht agus infhaighteacht córas gréasán agus faisnéise a chaomhnú;
- (2) ciallaíonn "tarlú slándála faisnéise" tarlú sainaitheanta córais, seirbhíse nó staid líonra a léiríonn sárú féideartha ar an mbeartas slándála faisnéise nó mainneachtain rialuithe slándála faisnéise, nó dála nach rabhthas ar an eolas fúthu roimhe sin agus a d'fhéadfadh a bheith ábhartha maidir le slándáil faisnéise;
- (3) ciallaíonn "teagmhas" aon tarlú a bhfuil éifeacht dhíobhálach aige ar shlándáil córas gréasán agus faisnéise mar a shainmhínítear in Airteagal 4(7) de Threoir (AE) 2016/1148;
- (4) ciallaíonn "riosca slándála faisnéise" an riosca d'oibríochtaí eagraíochtúla na heitlíochta sibhialta, do shócmhainní, do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí eile mar gheall ar tharlú slándála faisnéise féideartha. Tá baint ag rioscaí slándála faisnéise leis an bhféidearthacht go dtiocfar i dtír le bagairtí ar leochaileachtaí sócmhainne faisnéise nó grúpa sócmhainní faisnéise;
- (5) ciallaíonn "bagairt" sárú féideartha ar shlándáil faisnéise a bhíonn ann nuair a bhíonn eintiteas, imthosca, gníomhaíocht nó tarlú ann a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh;
- (6) ciallaíonn "leochaileacht" locht nó laige i sócmhainn nó i gcóras, i nósanna imeachta, i ndearadh, i gcur chun feidhme, nó i mbearta slándála faisnéise a bhféadfaí teacht i dtír air nó uirthi agus as a bhféadfadh sárú ar an mbeartas slándála faisnéise eascairt.

*Airteagal 4***Ceanglais a eascraíonn as reachtaíocht eile de chuid an Aontais**

1. I gcás ina gcomhlíonann eagraíocht dá dtagraítear in Airteagal 2 ceanglais slándála a leagtar síos in Airteagal 14 de Threoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ceanglais atá coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo, measfar gurb ionann na ceanglais slándála sin a chomhlíonadh agus na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh.
2. I gcás inar oibreoir nó eintiteas dá dtagraítear i gclár náisiúnta na mBallstát um shlándáil eitlíochta sibhialta a leagtar síos i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(8)</sup> atá in eagraíocht dá dtagraítear in Airteagal 2, meastar go bhfuil na ceanglais chibearshlándála atá i bPointe 1.7 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo, seachas a mhéid a bhaineann le pointe IS.D.OR.230 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo nach mór a chomhlíonadh.

<sup>(8)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse slándála na heitlíochta sibhialta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2320/2002 (IO L 97, 9.4.2008, lch. 72).

3. Féadfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle le EASA agus leis an nGrúpa Comhair dá dtagraítear in Airteagal 11 de Threoir (AE) 2016/1148, treoirlínte a eisiúint maidir le measúnú a dhéanamh ar choibhéis na gceanglas a leagtar síos sa Rialachán seo agus i dTreoir (AE) 2016/1148.

#### Airteagal 5

#### Údarás inniúil

1. Is é an t-údarás a bheidh freagrach as comhlíonadh an Rialacháin seo a dheimhniú agus a mhaoirsiú:
  - (a) maidir le heagraíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (a), an t-údarás inniúil arna ainmniú i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid 21) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012;
  - (b) maidir le heagraíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (b), an t-údarás inniúil arna ainmniú i gcomhréir le hIarscríbhinn III (Part-ADR.OR) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 139/2014.
2. Féadfaidh na Ballstáit, chun críocha an Rialacháin seo, eintiteas neamhspleách féinrialaitheach a ainmniú chun ról agus freagrachtaí sannta na n-údarás inniúil dá dtagraítear i mír 1 a chomhlíonadh. Sa chás sin, bunófar bearta comhordaithe idir an t-eintiteas sin agus na húdaráis inniúla, dá dtagraítear i mír 1, chun a áirithiú go ndéanfar maoirseacht éifeachtach ar na ceanglais ar fad nach mór don eagraíocht a chomhlíonadh.

#### Airteagal 6

#### Leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 748/2012

Leasaítear Iarscríbhinn I (Cuid 21) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 mar a leanas:

- (1) leasaítear an Clár mar a leanas:
  - (a) cuirtear an ceannteideal seo a leanas isteach i ndiaidh cheannteideal 21.A.139:  
“**21.A.139A Córas bainistíochta slándála faisnéise**”;
  - (b) cuirtear an ceannteideal seo a leanas isteach i ndiaidh cheannteideal 21.A.239:  
“**21.A.239A Córas bainistíochta slándála faisnéise**”;

- (2) cuirtear an pointe 21.A.139A seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 21.A.139:

#### “21.A.139A Córas bainistíochta slándála faisnéise

Sa bhreis ar an gcóras bainistíochta táirgthe a cheanglaítear le pointe 21.A.139, déanfaidh an eagraíocht táirgthe córas bainistíochta slándála faisnéise a bhunú, a chur chun feidhme agus a chothabháil i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1645 (\*) chun a áirithiú go ndéanfar bainistíocht cheart ar rioscaí slándála faisnéise a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar shábháilteacht eitlíochta.”

(\*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1645 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2022 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le ceanglais, i ndáil le bainistíocht rioscaí slándála faisnéise a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar shábháilteacht eitlíochta, ar eagraíochtaí a chumhdaítear le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 agus Uimh. 139/2014 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 agus Uimh. 139/2014 ón gCoimisiún (IO L 248, 26.9.2022, lch. 18);

- (3) cuirtear an pointe 21.A.239A seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 21.A.239:

#### “21.A.239A Córas bainistíochta slándála faisnéise

Sa bhreis ar an gcóras bainistíochta deartha a cheanglaítear le pointe 21.A.239, déanfaidh an eagraíocht deartha córas bainistíochta slándála faisnéise a bhunú, a chur chun feidhme agus a chothabháil i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1645 chun a áirithiú go ndéanfar bainistíocht cheart ar rioscaí slándála faisnéise a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar shábháilteacht eitlíochta.”

*Airteagal 7***Leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 139/2014**

Leasaítear Iarscríbhinn III (Part-ADR.OR) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 139/2014 ón gCoimisiún mar a leanas:

(1) cuirtear an pointe ADR.OR.D.005A seo a leanas isteach i ndiaidh phointe ADR.OR.D.005:

**“ADR.OR.D.005A Córas bainistíochta slándála faisnéise**

Déanfaidh an t-oibreoir aeradróim córas bainistíochta slándála faisnéise a bhunú, a chur chun feidhme agus a chothabháil i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1645 (\*) chun a áirithiú go ndéanfar bainistíocht cheart ar rioscaí slándála faisnéise a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar shábháilteacht eitlíochta.;

(\*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1645 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2022 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le ceanglais, i ndáil le bainistíocht rioscaí slándála faisnéise a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar shábháilteacht eitlíochta, ar eagraíochtaí a chumhdaítear le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 agus Uimh. 139/2014 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 agus Uimh. 139/2014 ón gCoimisiún (IO L 248, 26.9.2022, lch. 18);

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ADR.OR.D.007:

**“ADR.OR.D.007 Bainistíocht sonraí aerloingseoireachta agus faisnéise aerloingseoireachta**

(a) Mar chuid dá chóras bainistíochta, déanfaidh an t-oibreoir aeradróim córas bainistíochta cáilíochta a chur chun feidhme agus a chothabháil lena gcumhdófar na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- (1) a ghníomhaíochtaí sonraí aerloingseoireachta;
- (2) a ghníomhaíochtaí soláthair faisnéise aerloingseoireachta.

(b) Mar chuid dá chóras bainistíochta, bunóidh an t-oibreoir aeradróim córas bainistíochta slándála chun slándáil na sonraí oibríochtúla a fhaigheann sé, a tháirgeann sé, nó a úsáideann sé ar shlí eile a áirithiú ionas go mbeidh rochtain ar na sonraí oibríochtúla sin srianta do dhaoine údaraithe amháin.

(c) Saineofar na heilimintí seo a leanas sa chóras bainistíochta slándála:

- (1) na nósanna imeachta a bhaineann le measúnú agus maolú riosca maidir le slándáil sonraí, faireachán agus feabhsú slándála, athbhreithnithe slándála agus scaipeadh ceachtanna foghlamtha;
- (2) na modhanna a cheaptar chun sárúithe slándála a bhrath agus chun foláirimh iomchuí slándála a thabhairt don phearsanra;
- (3) na modhanna chun éifeachtaí sárúithe slándála a smachtú agus chun gníomhaíocht téarnaimh agus nósanna imeachta maolaithe a shainaithint chun atarlú a chosc.

(d) Áiritheoidh an t-oibreoir aeradróim imréiteach slándála a phearsanra i leith slándáil sonraí aerloingseoireachta.

(e) Bainisteofar na gnéithe a bhaineann le slándáil faisnéise i gcomhréir le pointe ADR.OR.D.005A.”;

(3) cuirtear an pointe ADR.OR.F.045A seo a leanas isteach i ndiaidh phointe ADR.OR.F.045:

**“ADR.OR.F.045 A Córas bainistíochta slándála faisnéise**

Déanfaidh an soláthraí seirbhísí bainistíochta náprúin córas bainistíochta slándála faisnéise a bhunú, a chur chun feidhme agus a chothabháil i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1645 chun a áirithiú go ndéanfar bainistíocht cheart ar rioscaí slándála faisnéise a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar shábháilteacht eitlíochta.”.

*Airteagal 8*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 20ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 16 Deireadh Fómhair 2025.



Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Iúil 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

## IARSCRÍBHINN

## SLÁNDÁIL FAISNÉISE — CEANGLAIS AR NA HEAGRAÍOCHTAÍ

## [PART-IS.D.OR]

- IS.D.OR.100 Raon feidhme
- IS.D.OR.200 Córas bainistíochta slándála faisnéise
- IS.D.OR.205 Measúnú riosca slándála faisnéise
- IS.D.OR.210 Láimhseáil riosca slándála faisnéise
- IS.D.OR.215 Scéim tuairiscithe inmheánaigh maidir le slándáil faisnéise
- IS.D.OR.220 Teagmhais slándála faisnéise – brath, freagairt, agus téarnamh
- IS.D.OR.225 Freagairt ar na torthaí arna bhfógairt ag an údarás inniúil
- IS.D.OR.230 Scéim tuairiscithe sheachtraigh maidir le slándáil faisnéise
- IS.D.OR.235 Gníomhaíochtaí bainistíochta slándála faisnéise a chur ar Conradh
- IS.D.OR.240 Ceanglais maidir le pearsanra
- IS.D.OR.245 Taifid a choinneáil
- IS.D.OR.250 Lámhleabhar maidir le bainistíocht slándála faisnéise (LBSF)
- IS.D.OR.255 Athruithe ar an gcóras bainistíochta slándála faisnéise
- IS.D.OR.260 Feabhas leanúnach

**IS.D.OR.100 Raon feidhme**

Bunaítear leis an gCuid seo na ceanglais a bheidh le comhlíonadh ag na heagraíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 2 den Rialachán seo.

**IS.D.OR.200 Córas bainistíochta slándála faisnéise (CBSF)**

- (a) Chun na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1 a bhaint amach, déanfaidh an eagraíocht córas bainistíochta slándála faisnéise (CBSF) a bhunú, a chur chun feidhme agus a chothabháil, rud lena n-áiríteofar go ndéanfaidh an eagraíocht an méid seo a leanas:
- (1) beartas maidir le slándáil faisnéise a bhunú lena leagtar amach prionsabail fhoriomlána na heagraíochta maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag rioscaí slándála faisnéise ar shábháilteacht eitlíochta;
  - (2) rioscaí slándála faisnéise a shainathint agus a athbhreithniú i gcomhréir le pointe IS.D.OR.205;
  - (3) bearta láimhseála riosca slándála faisnéise a shainiú agus a chur chun feidhme i gcomhréir le pointe IS.D.OR.210;
  - (4) scéim tuairiscithe inmheánaigh maidir le slándáil faisnéise a chur chun feidhme i gcomhréir le pointe IS.D.OR.215;
  - (5) na bearta is gá chun tarluithe slándála faisnéise a bhrath a shainiú agus a chur chun feidhme i gcomhréir le pointe IS.D.OR.220, na teagmhais sin a mheastar a bheith ina dteagmhas a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar shábháilteacht eitlíochta a shainathint, ach amháin mar a cheadaítear le pointe IS.D.OR.205(e), agus freagairt ar na teagmhais slándála faisnéise sin agus téarnamh uathu;
  - (6) na bearta a bhfuil fógra tugtha ag an údarás inniúil ina leith a chur chun feidhme mar fhreagairt láithreach ar theagmhas slándála faisnéise nó ar leochaileacht a bhfuil tionchar aici ar shábháilteacht eitlíochta;
  - (7) gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh, i gcomhréir le pointe IS.D.OR.225, chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí arna bhfógairt ag an údarás inniúil;
  - (8) scéim tuairiscithe sheachtraigh a chur chun feidhme i gcomhréir le pointe IS.D.OR.230 chun cur ar chumas an údaráis inniúil gníomhaíochtaí iomchuí a dhéanamh;
  - (9) na ceanglais atá i bpointe IS.D.OR.235 a chomhlíonadh nuair a dhéantar aon chuid de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe IS.D.OR.200 a chonrú le heagraíochtaí eile;

- (10) na ceanglais maidir le pearsanra a leagtar síos i bpointe IS.D.OR.240 a chomhlíonadh;
- (11) na ceanglais maidir le taifid a choinneáil a leagtar síos i bpointe IS.D.OR.245 a chomhlíonadh;
- (12) comhlíontacht cheanglais an Rialacháin seo ag an eagraíocht a fhaire agus aiseolas maidir leis na torthaí a sholáthar don bhainisteoir cuntasach nó, i gcás eagraíochtaí deartha, do cheann na heagraíochta deartha, chun cur chun feidhme éifeachtach na gníomhaíochtaí ceartaitheacha a áirithiú;
- (13) gan dochar do na ceanglais is infheidhme maidir le tuairisciú teagmhas, rúndacht aon fhaisnéise a d'fhéadfadh a bheith faighte ag an eagraíocht ó eagraíochtaí eile a chosaint, i gcomhréir lena leibhéal íogaireachta.
- (b) Chun na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 1 a chomhlíonadh go leanúnach, cuirfidh an eagraíocht próiseas feabhais leanúnaigh i bhfeidhm i gcomhréir le pointe IS.D.OR.260.
- (c) Doiciméadóidh an eagraíocht, i gcomhréir le pointe IS.D.OR.250, na príomhphróisis, na príomhnósanna imeachta, na príomhróil agus na freagrachtaí uile is gá chun pointe IS.D.OR.200(a) a chomhlíonadh agus bunóidh sí próiseas chun an doiciméadacht sin a leasú. Déanfar athruithe ar na próisis, nósanna imeachta, róil agus freagrachtaí sin a bhainistiú i gcomhréir le pointe IS.D.OR.255.
- (d) Beidh na próisis, na nósanna imeachta, na róil agus na freagrachtaí arna mbunú ag an eagraíocht chun pointe IS.D. OR.200(a) a chomhlíonadh ag freagairt do chineál agus do chastacht a gníomhaíochtaí, bunaithe ar mheasúnú ar na rioscaí slándála faisnéise atá ina ngnéithe dílse de na gníomhaíochtaí sin, agus féadfar iad a chomhtháthú laistigh de chórais bhainistíochta eile atá curtha chun feidhme cheana féin ag an eagraíocht.
- (e) Gan dochar don oibleagáid na ceanglais tuairiscithe atá i Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 <sup>(1)</sup> agus ceanglais phointe IS. D.OR.200 (a) (13) a chomhlíonadh, féadfaidh an t-údarás inniúil formheas a thabhairt don eagraíocht gan na ceanglais dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (d) agus na ceanglais ábhartha a áirítear i bpointí IS.D.OR.205 go dtí IS.D.OR.260 a chur chun feidhme má léiríonn sí chun sástacht an údaráis sin nach mbaineann aon rioscaí slándála faisnéise, a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar shábháilteacht eitlíochta di féin ná d'eagraíochtaí eile, lena gníomhaíochtaí, a saoráidí agus a acmhainní, ná leis na seirbhísí a oibríonn sí, a sholáthraíonn sí, a fhaigheann sí agus a chothabhálann sí. Bunófar an formheas ar mheasúnú riosca slándála faisnéise doiciméadaithe arna dhéanamh ag an eagraíocht nó ag tríú páirtí i gcomhréir le pointe IS.D.OR.205 agus déanfaidh údarás inniúil na heagraíochta é a athbhreithniú agus a fhorghnó.
- Déanfaidh an t-údarás inniúil athbhreithniú ar bhailíocht leanúnach an fhorghnó sin tar éis an timthrialla iniúchóireachta formhaoirseachta is infheidhme agus aon uair a chuirtear athruithe chun feidhme ar raon feidhme obair na heagraíochta.

### IS.D.OR.205 Measúnú riosca slándála faisnéise

- (a) Sainaitheoidh an eagraíocht na heilimintí uile dá cuid a d'fhéadfaí a nochtadh do rioscaí slándála faisnéise. Áireofar orthu sin na heilimintí seo a leanas:
- (1) gníomhaíochtaí, saoráidí agus acmhainní na heagraíochta, chomh maith leis na seirbhísí a oibríonn, a sholáthraíonn, a fhaigheann nó a chothabhálann an eagraíocht;
- (2) an trealamh, na córais, na sonraí agus an fhaisnéis lena gcuirtear le feidhmiú na n-eilimintí a liostaítear i bpointe (1).
- (b) Sainaitheoidh an eagraíocht na comhéadain atá aici le heagraíochtaí eile, agus a bhféadfadh nochtadh frithpháirteach do rioscaí slándála faisnéise a bheith mar thoradh orthu.
- (c) Maidir leis na heilimintí agus na comhéadain dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b), sainaitheoidh an eagraíocht na rioscaí slándála faisnéise a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar shábháilteacht eitlíochta. I gcás gach riosca a shainaitheofar, déanfaidh an eagraíocht an méid seo a leanas:
- (1) leibhéal riosca a shannadh de réir aicmiú réamhshainithe arna bhunú ag an eagraíocht;

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le tarluithe san eitlíocht shibhialta a thuairisciú, leis an anailís a dhéantar orthu agus leis na bearta leantacha a dhéantar ina leith, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1321/2007 ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 1330/2007 ón gCoimisiún (IO L 122, 24.4.2014, lch. 18).

- (2) gach riosca agus a leibhéal a cheangal leis an eilimint nó comhéadan comhfhreagrach a shaináithnítear i gcomhréir le pointí (a) agus (b).

Cuirfear san áireamh san aicmiú réamhshainithe dá dtagraítear i bpointe (1) an fhéidearthacht go dtarlódh an cás bagartha agus déine a iarmhairtí sábháilteachta. Bunaithe ar an aicmiú sin, agus á chur san áireamh cé acu an bhfuil próiseas bainistíochta riosca struchtúrtha in-athdhéanta ag an eagraíocht le haghaidh oibríochtaí nó nach bhfuil, beidh an eagraíocht in ann a shuíomh cé acu an bhfuil an riosca inghlactha nó gur gá lena láimhseáil i gcomhréir le pointe IS.D.OR.210.

Chun inchoimparáideacht fhrithpháirteach na measúnuithe riosca a éascú, cuirfear san áireamh, agus an leibhéal riosca á shannadh de bhun phointe (1), faisnéis ábhartha arna fáil i gcomhordú leis na heagraíochtaí dá dtagraítear i bpointe (b).

- (d) Déanfaidh an eagraíocht athbhreithniú ar an measúnú riosca a dhéanfar i gcomhréir le pointí (a), (b) agus (c) agus tabharfaidh sí é cothrom le dáta in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

- (1) tá athrú ar na heilimintí atá faoi réir rioscaí slándála faisnéise;
- (2) tá athrú ar na comhéadain idir an eagraíocht agus eagraíochtaí eile, nó ar na rioscaí a chuireann na heagraíochtaí eile in iúl;
- (3) tá athrú ar an bhfaisnéis nó ar an eolas a úsáidtear chun saináithint, anailís agus aicmiú a dhéanamh ar rioscaí;
- (4) tá ceachtanna foghlamtha ón anailís ar theagmhais slándála faisnéise.

#### **IS.D.OR.210 Láimhseáil riosca slándála faisnéise**

- (a) Forbróidh an eagraíocht bearta chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí do-ghlactha arna saináithint i gcomhréir le pointe IS.D.OR.205 agus déanfaidh sí iad a chur chun feidhme go tráthúil agus a n-éifeachtacht leanúnach a sheiceáil. Cuirfidh na bearta sin ar chumas na heagraíochta na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- (1) na himthosca is cúis le titim amach an cháis bhagartha a rialú;
- (2) na hiarmhairtí ar shábháilteacht eitlíochta a bhaineann le titim amach an cháis bhagartha a laghdú;
- (3) na rioscaí a sheachaint.

Ní thabharfar isteach leis na bearta sin aon rioscaí do-ghlactha nua do shábháilteacht eitlíochta.

- (b) Cuirfear an duine dá dtagraítear i bpointe IS.D.OR.240 (a) agus (b) agus pearsanra eile de chuid na heagraíochta a ndéantar difear dó ar an eolas faoi thoradh an mheasúnaithe riosca a rinneadh i gcomhréir le pointe IS.D.OR.205, faoi na cásanna bagartha comhfhreagracha agus faoi na bearta a bheidh le cur chun feidhme.

Cuirfidh an eagraíocht eagraíochtaí a bhfuil comhéadan aici leo ar an eolas freisin i gcomhréir le pointe IS.D.OR.205(b) faoi aon riosca atá i bpáirt ag an dá eagraíocht.

#### **IS.D.OR.215 Scéim tuairiscithe inmheánaigh maidir le slándáil faisnéise**

- (a) Bunóidh an eagraíocht scéim tuairiscithe inmheánaigh chun gur féidir tarluithe slándála faisnéise a bhailiú agus a mheas, lena n-áirítear na tarluithe sin nach mór a thuairisciú de bhun phointe IS.D.OR.230.

- (b) Cuirfidh an scéim sin agus an próiseas dá dtagraítear i bpointe IS.D.OR.220 ar chumas na heagraíochta na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- (1) na tarluithe arna dtuairisciú de bhun phointe (a) a mheastar a bheith ina dteagmhais nó leochaileachtaí slándála faisnéise a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar shábháilteacht eitlíochta a shaináithint;
- (2) na cúiseanna agus na fachtóirí a chuireann leis na teagmhais agus leochaileachtaí slándála faisnéise arna saináithint i gcomhréir le pointe (1) a shaináithint, agus aghaidh a thabhairt orthu mar chuid den phróiseas bainistithe riosca maidir le slándáil faisnéise i gcomhréir le pointí IS.D.OR.205 agus IS.D.OR.220;
- (3) meastóireacht a áirithiú ar an bhfaisnéis ábhartha uile is eol a bheith ann a bhaineann leis na teagmhais slándála faisnéise agus na leochaileachtaí a saináithníodh i gcomhréir le pointe (1);

- (4) a áirithiú go gcuirfear modh chun feidhme chun an fhaisnéis a scaipeadh go himhneánach de réir mar is gá.
- (c) Aon eagraíocht chonarthaigh a d'fhéadfadh an eagraíocht a nochtadh ar rioscaí slándála faisnéise a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar shábháilteacht eitleochta, ceanglófar uirthi tarluithe slándála faisnéise a thuairisciú don eagraíocht. Cuirfear na tuarascálacha sin isteach agus úsáid á baint as na nósanna imeachta arna mbunú sna socrúithe conarthaigh sonracha agus déanfar meastóireacht orthu i gcomhréir le pointe (b).
- (d) Oibreoidh an eagraíocht i gcomhar le haon eagraíocht eile, a rannchuidíonn go mór le slándáil faisnéise a cuid gníomhaíochtaí féin, ar imscrúduithe.
- (e) Féadfaidh an eagraíocht an scéim tuairiscithe sin a chomhtháthú le scéimeanna tuairiscithe eile atá curtha i bhfeidhm aici cheana féin.

#### **IS.D.OR.220 Teagmhais slándála faisnéise — brath, freagairt agus téarnamh**

- (a) Agus toradh an mheasúnaithe riosca a rinneadh i gcomhréir le pointe IS.D.OR.205 agus toradh na láimhseála riosca a rinneadh i gcomhréir le pointe IS.D.OR.210 mar bhunús leis, cuirfidh an eagraíocht bearta chun feidhme chun teagmhais agus leochaileachtaí, lena léirítear go bhféadfadh rioscaí do-ghlactha titim amach agus a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar shábháilteacht na heitleochta, a bhrath. Cuirfidh na bearta braite sin ar chumas na heagraíochta na nithe seo a leanas a dhéanamh:
- (1) diallais ó bhonnlinnte feidhmíochta feidhmiúla réamhchinntithe a shainaitheint;
- (2) rabhaidh a thionscnamh chun bearta cuí freagartha a ghníomhachtú, má bhíonn diallas ar bith ann.
- (b) Cuirfidh an eagraíocht bearta chun feidhme chun freagairt ar aon choinníoll tarluithe arna shainaitheint i gcomhréir le pointe (a) a d'fhéadfadh éirí nó a d'éirigh ina theagmhas slándála faisnéise. Cuirfidh na bearta freagartha sin ar chumas na heagraíochta na nithe seo a leanas a dhéanamh:
- (1) an frithghníomhú a thionscnamh maidir leis na rabhaidh dá dtagraítear i bpointe (a)(2) trí acmhainní agus gníomhaíochtaí réamhshainithe a ghníomhachtú;
- (2) leathadh an ionsaithe a shrianadh agus titim amach iomlán an cháis bagartha a sheachaint;
- (3) cineál clistí na n-eilimintí, arna shainmhíniú i bpointe IS.D.OR.205(a), a ndéantar difear dóibh a rialú.
- (c) Cuirfidh an eagraíocht bearta chun feidhme a mbeidh sé d'aidhm acu téarnamh ó theagmhais slándála faisnéise, lena n-áirítear bearta éigeandála, más gá. Cuirfidh na bearta téarnaimh sin ar chumas na heagraíochta na nithe seo a leanas a dhéanamh:
- (1) an coinníoll ba chúis leis an teagmhas a bhaint, nó é a shrianadh go leibhéal inghlactha;
- (2) staid shábháilte a bhaint amach maidir leis na heilimintí, arna sainiú i bpointe IS.D.OR.205(a), a ndéantar difear dóibh laistigh d'aga téarnaimh arna shainiú roimhe sin ag an eagraíocht.

#### **IS.D.OR.225 Freagairt ar na torthaí arna bhfógairt ag an údarás inniúil**

- (a) Tar éis fógra faoi thorthaí, arna chur isteach ag an údarás inniúil, a fháil déanfaidh an eagraíocht an méid seo a leanas:
- (1) an bhunchúis nó na bunchúiseanna leis an neamhchomhlíontacht a shainaitheint, mar aon le nithe a chuireann léi/leo;
- (2) plean gníomhaíochta ceartaithí a shainiú;
- (3) ceartú an neamhchomhlíonta a léiriú chun sástacht an údaráis inniúil.
- (b) Déanfar na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) laistigh den tréimhse a chomhaontófar leis an údarás inniúil.

#### **IS.D.OR.230 Scéim tuairiscithe sheachtraigh maidir le slándáil faisnéise**

- (a) Cuirfidh an eagraíocht córas tuairiscithe slándála faisnéise chun feidhme a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus sna gníomhartha tarmligthe agus sna gníomhartha cur chun feidhme a ghabhann leis más infheidhme an Rialachán sin maidir leis an eagraíocht.

- (b) Gan dochar d'oibleagáidí Rialachán (AE) Uimh. 376/2014, áiritheoidh an eagraíocht go ndéanfar aon teagmhas nó leochaileacht slándála faisnéise a d'fhéadfadh a bheith ina riosca mór do shábháilteacht eitlíochta a thuairisciú dá húdarás inniúil. Ina theannta sin:
- (1) i gcás ina ndéanann teagmhas nó leochaileacht den sórt sin difear d'aerárthach nó do chóras gaolmhar nó comhpháirt gaolmhar, déanfaidh an eagraíocht é a thuairisciú don sealbhóir formheasa deartha freisin;
  - (2) i gcás ina ndéanann teagmhas nó leochaileacht den sórt sin difear do chóras nó do chomhdhamhna a úsáideann an eagraíocht, tuairisceoidh an eagraíocht é don eagraíocht atá freagrach as dearadh an chórais nó an chomhdhamhna.
- (c) Tuairisceoidh an eagraíocht na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe (b) mar a leanas:
- (1) cuirfear fógra faoi bhráid an údaráis inniúil agus, más infheidhme, faoi bhráid an tsealbhóra formheasa deartha nó faoi bhráid na heagraíochta atá freagrach as dearadh an chórais nó an chomhdhamhna, a luaithe a bheidh an coinníoll ar eolas ag an eagraíocht;
  - (2) cuirfear tuairisc faoi bhráid an údaráis inniúil agus, más infheidhme, faoi bhráid an tsealbhóra formheasa deartha nó faoi bhráid na heagraíochta atá freagrach as dearadh an chórais nó an chomhdhamhna, a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 72 uair an chloig tar éis don choinníoll a bheith ar eolas ag an eagraíocht, mura gcuirfidh imthosca eisceachtúla cosc air sin.  
  
Beidh an tuairisc san fhoirm a shaineoidh an t-údarás inniúil agus beidh gach faisnéis ábhartha faoin gcoinníoll is eol don eagraíocht inti;
  - (3) cuirfear tuairisc leantach faoi bhráid an údaráis inniúil agus, más infheidhme, faoi bhráid an tsealbhóra formheasa deartha nó faoi bhráid na heagraíochta atá freagrach as dearadh an chórais nó na chomhdhamhna, ina soláthrófar mionsonraí na gníomhaíochtaí atá déanta ag an eagraíocht nó a bhfuil sé beartaithe aici a dhéanamh chun téarnamh ón teagmhas agus faoi na gníomhaíochtaí atá beartaithe aici a dhéanamh chun teagmhais slándála faisnéise dá samhail a chosc amach anseo.  
  
Cuirfear an tuairisc leantach isteach a luaithe a bheidh na gníomhaíochtaí sin sainaitheanta, agus déanfar í san fhoirm a shaineoidh an t-údarás inniúil.

#### **IS.D.OR.235 Gníomhaíochtaí bainistíochta slándála faisnéise a chur ar conradh**

- (a) Agus aon chuid de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe IS.D.OR.200 á conrú le heagraíochtaí eile, áiritheoidh an eagraíocht go gcomhlíonfaidh na gníomhaíochtaí ar conradh ceanglais an Rialacháin seo agus go n-oibreoidh an eagraíocht chonarhach faoina formhaoirseacht. Áiritheoidh an eagraíocht go ndéanfar bainistíocht iomchuí ar na rioscaí a bhaineann leis na gníomhaíochtaí ar conradh.
- (b) Áiritheoidh an eagraíocht gur féidir leis an údarás inniúil rochtain a fháil ar an eagraíocht chonarhach, arna iarraidh sin dó, chun comhlíontacht leanúnach na gceanglas is infheidhme a leagtar síos sa Rialachán seo a chinneadh.

#### **IS.D.OR.240 Ceanglais maidir le pearsanra**

- (a) Bainisteoir cuntasach na heagraíochta nó, i gcás eagraíochtaí deartha, ceann na heagraíochta deartha, arna ainmniú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 agus Rialachán (AE) Uimh. 139/2014 dá dtagraítear i bpointí 1(a) agus (b) d'Airteagal 2 den Rialachán seo, beidh sé d'údarás corparáideach aige a áirithiú go bhféadfar na gníomhaíochtaí go léir a cheanglaítear leis an Rialachán seo a mhaoiniú agus a chur i gcrích. Déanfaidh an duine sin an méid seo a leanas:
  - (1) a áirithiú go bhfuil na hacmhainní uile is gá ar fáil chun ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh;
  - (2) an beartas slándála faisnéise dá dtagraítear i bpointe IS.D.OR.200(a)(1) a bhunú agus a chur chun cinn;
  - (3) tuiscint bhunúsach ar an Rialachán seo a léiriú.
- (b) Ceapfaidh an bainisteoir cuntasach nó, i gcás eagraíochtaí deartha, ceann na heagraíochta deartha duine nó grúpa daoine chun a áirithiú go bhfuil an eagraíocht i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin seo, agus saineoidh sé méid a n-údaráis. Tuairisceoidh an duine sin nó an grúpa daoine sin go díreach chuig an mbainisteoir cuntasach nó, i gcás eagraíochtaí deartha, chuig ceann na heagraíochta deartha agus beidh an t-eolas, an cúlra agus an tairí iomchuí aige nó acu chun a chuid nó a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh. Cinnfear sna nósanna imeachta an duine a dhéanann ionadaíocht do dhuine ar leith i gcás go bhfuil an duine sin as láthair ar feadh tréimhse fhada.

- (c) Ceapfaidh an bainisteoir cuntasach nó, i gcás eagraíochtaí deartha, ceann na heagraíochta deartha duine nó grúpa daoine a bheidh freagrach as an bhfeidhm faireacháin ar chomhlíontacht a bhainistiú dá dtagraítear i bpointe IS.D.OR.200(a)(12).
- (d) I gcás ina bhfuil struchtúir, beartais, próisis agus nósanna imeachta eagraíochtúla maidir le slándáil faisnéise ag an eagraíocht i bpáirt le heagraíochtaí eile nó le réimsí dá heagraíocht féin, nach cuid den fhormheas ná den dearbhú iad, féadfaidh an bainisteoir cuntasach nó, i gcás eagraíochtaí deartha, ceann na heagraíochta deartha a gníomhaíochtaí a tharmligean chuig duine freagrach coiteann.
- Sa chás sin, bunófar bearta comhordaithe idir bainisteoir cuntasach na heagraíochta nó, i gcás eagraíochtaí deartha, ceann na heagraíochta deartha, agus an duine freagrach coiteann chun comhtháthú leordhóthanach na bainistíochta slándála faisnéise a áirithiú laistigh den eagraíocht.
- (e) Beidh údarás corparáideach ag an mbainisteoir cuntasach nó ag ceann na heagraíochta deartha, nó ag an duine freagrach coiteann dá dtagraítear i bpointe (d), na struchtúir, na beartais, na próisis agus na nósanna imeachta eagraíochtúla is gá chun pointe IS.D.OR.200 a chur chun feidhme a bhunú agus a chothabháil.
- (f) Beidh próiseas i bhfeidhm ag an eagraíocht chun a áirithiú go bhfuil dóthain pearsanra ar dualgas acu chun na gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an larscríbhinn seo a chur i gcrích.
- (g) Beidh próiseas i bhfeidhm ag an eagraíocht chun a áirithiú go bhfuil an inniúlacht is gá ag an bpearsanra dá dtagraítear i bpointe (f) chun a chúraimí a chomhlíonadh.
- (h) Beidh próiseas i bhfeidhm ag an eagraíocht chun a áirithiú go n-aithneoidh an pearsanra na freagrachtaí a ghabhann leis na ról agus na tascanna a shanntar dó.
- (i) Áiritheoidh an eagraíocht go ndeimhneofar go hiomchuí céannacht agus iontaofacht an phearsanra a bhfuil rochtain aige ar chórais faisnéise agus ar shonraí atá faoi réir cheanglais an Rialacháin seo.

#### **IS.D.OR.245 Taifid a choinneáil**

- (a) Coimeádfaidh an eagraíocht taifid ar a gníomhaíochtaí bainistíochta slándála faisnéise
- (1) Áiritheoidh an eagraíocht go ndéanfar na taifid seo a leanas a chur i gcartlann agus go mbeidh siad inrianaithe:
- (i) aon fhormheas a fhaightear agus aon mheasúnú riosca slándála faisnéise gaolmhar i gcomhréir le pointe IS.D.OR.200(e);
- (ii) conarthaí le haghaidh gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe IS.D.OR.200(a)(9);
- (iii) taifid ar na príomhphróisis dá dtagraítear i bpointe IS.D.OR.200(d);
- (iv) taifid ar na rioscaí a shainithnítear sa mheasúnú riosca dá dtagraítear i bpointe IS.D.OR.205 mar aon leis na bearta gaolmhara láimhseála riosca dá dtagraítear i bpointe IS.D.OR.210;
- (v) taifid ar theagmhais agus leochaileachtaí slándála faisnéise a thuairiscítear i gcomhréir leis na scéimeanna tuairiscithe dá dtagraítear i bpointí IS.D.OR.215 agus IS.D.OR.230;
- (vi) taifid ar na tarluithe slándála faisnéise sin a bhféadfadh sé gur gá athmheasúnú a dhéanamh orthu chun teagmhais nó leochaileachtaí slándála faisnéise neamhbhraite a nochtadh.
- (2) Coinneofar na taifid dá dtagraítear i bpointe (1)(i) ar a laghad go dtí 5 bliana tar éis don fhormheas imeacht as bailíocht.
- (3) Coinneofar na taifid dá dtagraítear i bpointe (1)(ii) ar a laghad go dtí 5 bliana tar éis leasú nó fhoirceannadh an chonartha.
- (4) Coinneofar na taifid dá dtagraítear i bpointí (1)(iii), (iv) agus (v) ar feadh tréimhse 5 bliana ar a laghad.
- (5) Coinneofar na taifid dá dtagraítear i bpointe (1)(vi) go dtí go mbeidh athmheasúnú déanta ar na teagmhais slándála faisnéise sin i gcomhréir le tréimhsiúlacht arna sainiú i nós imeachta arna bhunú ag an eagraíocht.

- (b) Coinneoidh an eagraíocht taifid ar cháilíochtaí agus ar thaithí a ball foirne féin atá bainteach le gníomhaíochtaí bainistíochta slándála faisnéise
- (1) Coinneofar taifid cháilíochta agus taithí an phearsanra chomh fada agus a oibríonn an duine leis an eagraíocht, agus ar feadh 3 bliana ar a laghad tar éis don duine an eagraíocht a fhágáil.
  - (2) Tabharfar rochtain do bhaill foirne, arna iarraidh sin dóibh, ar a dtaifid aonair féin. Ina theannta sin, arna iarraidh sin dóibh, cuirfidh an eagraíocht cóip dá dtaifid aonair féin ar fáil dóibh ar fhágáil na heagraíochta dóibh.
- (c) Sonrófar formáid na dtaifead i nósanna imeachta na heagraíochta.
- (d) Stórálfar na taifid ar bhealach a áiritheoidh go gcosnófar iad ar dhamáiste, athrú agus gadaíocht. Information being identified, when required, according to its security classification level. Áiritheoidh an eagraíocht go stórálfar na taifid trí mhodhanna a úsáid lena n-áiríteofar sláine, barántúlacht agus rochtain údaraithe.

### IS.D.OR.250 Lámhleabhar maidir le bainistíocht slándála faisnéise (LBSF)

- (a) Cuirfidh an eagraíocht lámhleabhar bainistíochta slándála faisnéise (LBSF) agus, i gcás inarb infheidhme, aon lámhleabhair thagartha agus nósanna imeachta tagartha a bhaineann leis sin ar fáil don údarás inniúil, ina mbeidh an méid seo a leanas:
- (1) ráiteas a bheidh sínithe ag an mbainisteoir cuntasach nó, i gcás eagraíochtaí deartha, ag ceann na heagraíochta deartha á dheimhniú go n-oibreoidh an eagraíocht i gcónaí i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo agus leis an LBSF. Murab é an bainisteoir cuntasach nó, i gcás eagraíochtaí deartha, ceann na heagraíochta deartha príomhoifigeach feidhmiúcháin na heagraíochta déanfaidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin sin an ráiteas a chomhshíniú;
  - (2) teideal nó teidil, ainm nó ainmneacha, dualgais, cuntasachtaí, freagrachtaí agus údaráis an duine nó na ndaoine dá dtagraítear i bpointe IS.D.OR.240(b) agus (c);
  - (3) teideal, ainm, dualgais, cuntasachtaí, freagrachtaí agus údaráis an duine fhreagraigh choitinn dá dtagraítear i bpointe IS.D.OR.240(d), más infheidhme;
  - (4) beartas slándála faisnéise na heagraíochta dá dtagraítear i bpointe IS.D.OR.200(a)(1);
  - (5) tuairisc ghinearálta ar líon agus catagóirí na mball foirne agus ar an gcóras atá i bhfeidhm chun infhaighteacht an phearsanra a phleanáil, mar a cheanglaítear le pointe IS.D.OR.240;
  - (6) teideal nó teidil, ainm nó ainmneacha, dualgais, cuntasachtaí, freagrachtaí agus údaráis na bpríomhdhaoine atá freagrach as pointe IS.D.OR.200 a chur chun feidhme, lena n-áirítear an duine nó na daoine atá freagrach as an bhfeidhm faireacháin ar chomhlíontacht dá dtagraítear i bpointe IS.D.OR.200(a)(12);
  - (7) cairt eagraíochta a léiríonn na slabhraí gaolmhara cuntasachta agus freagrachta maidir leis na daoine dá dtagraítear i bpointí (2) agus (6);
  - (8) an tuairisc ar an scéim tuairiscithe inmheánaigh dá dtagraítear i bpointe IS.D.OR.215;
  - (9) na nósanna imeachta lena sonraítear an chaoi a n-áiríthíonn an eagraíocht comhlíontacht leis an gCuid seo, agus go háirithe:
    - (i) pointe doiciméadú IS.D.OR.200(c);
    - (ii) na nósanna imeachta lena sainítear an chaoi a rialaíonn an eagraíocht aon ghníomhaíocht ar conradh dá dtagraítear i bpointe IS.D.OR.200(a)(9);
    - (iii) an nós imeachta maidir le leasú ar an LBSF a shainmhínítear i bpointe (c);
  - (10) mionsonraí maidir le modhanna malartacha comhlíontachta atá formheasta faoi láthair.
- (b) Formheasfaidh an t-údarás inniúil eisiúint tosaigh an LBSF agus coinneoidh sé cóip de. Déanfar an LBSF a leasú de réir mar is gá ionas go leanfaidh sé de bheith ina thuairisc atá cothrom le dáta ar CBSF na heagraíochta. Tabharfar cóip d'aon leasú ar an LBSF don údarás inniúil.
- (c) Déanfar leasuithe ar an LBSF a bhainistiú trí nós imeachta arna bhunú ag an eagraíocht. Formheasfaidh an t-údarás inniúil aon leasú nach n-áirítear faoi raon feidhme an nós imeachta seo agus aon leasú a bhaineann leis na hathruithe dá dtagraítear i bpointe IS.D.OR.255(b).



- (d) Féadfaidh an eagraíocht an LBSF a chomhtháthú le tuairiscithe bainistíochta nó lámhleabhair bhainistíochta eile atá ina seilbh aici, ar choinníoll go bhfuil crostagairt shoiléir ann lena gcuirtear in iúl cé na codanna den tuairiscíú nó lámhleabhar bainistíochta a chomhfhreagraíonn do na ceanglais éagsúla atá san Iarscribhinn seo.

#### **IS.D.OR.255 Athruithe ar an gcóras bainistíochta slándála faisnéise**

- (a) Féadfar athruithe ar an CBSF a bhainistiú agus a fhógairt don údarás inniúil trí nós imeachta arna fhorbairt ag an eagraíocht. Déanfaidh an t-údarás inniúil an nós imeachta sin a fhorghnó.
- (b) Maidir le hathruithe ar an CBSF nach gcumhdaítear leis an nós imeachta dá dtagraítear i bpointe (a), déanfaidh an eagraíocht iarratas ar fhorghnó a eiseoidh an t-údarás inniúil agus gheobhaidh sí an fhorghnó sin.

Maidir leis na hathruithe sin:

- (1) cuirfeadh an t-iarratas isteach sula dtarlóidh aon athrú den sórt sin chun é a chur ar a chumas don údarás inniúil cinneadh a dhéanamh maidir le comhlíontacht leanúnach leis an Rialachán seo agus chun an deimhniú eagraíochta agus téarmaí gaolmhara an cheadaithe a ghabhann leis a leasú, más gá;
- (2) déanfaidh an eagraíocht aon fhaisnéis a iarrann sé chun an t-athrú a mheas a chur ar fáil don údarás inniúil;
- (3) ní chuirfeadh an t-athrú chun feidhme go dtí go bhfaighfeadh fhorghnó foirmiúil ón údarás inniúil;
- (4) oibreoidh an eagraíocht faoi na coinníollacha a fhorordóidh an t-údarás inniúil le linn chun chun feidhme na n-athruithe sin.

#### **IS.D.OR.260 Feabhas leanúnach**

- (a) Déanfaidh an eagraíocht measúnú, agus úsáid á baint as táscairí feidhmíochta leormhaithe, ar éifeachtacht agus ar aibíocht an CBSF. Déanfar an measúnú sin ar bhonn féilire a réamshhaineoidh an eagraíocht nó tar éis teagmhas slándála faisnéise.
- (b) Má aimsítear easnaimh tar éis an mheasúnaithe arna dhéanamh i gcomhréir le pointe (a), déanfaidh an eagraíocht na bearta feabhsúcháin is gá chun a áirithiú go leanfaidh an CBSF de na ceanglais is infheidhme a chomhlíonadh agus go gcoinneoidh sí na rioscaí slándála faisnéise ag leibhéal inghlactha. Ina theannta sin, déanfaidh an eagraíocht athmheasúnú ar na gnéithe sin den CBSF a ndéanann na bearta a ghlacfar difear dóibh.

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1646 ÓN gCOIMISIÚN****an 23 Meán Fómhair 2022**

**maidir le socrúithe praiticiúla aonfhoirmeacha maidir le feidhmiú rialuithe oifigiúla a mhéid a bhaineann le húsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de atá údaraithe mar tháirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin bheathaithe agus le húsáid substaintí toirmisceithe nó neamhúdaraithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus le húsáid iarmhar díobh, agus maidir le hábhar sonracha pleananna rialaithe náisiúnta ilbhliantúil agus socrúithe sonracha chun iad a ullmhú**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 19(3), pointí (a) agus (b), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2017/625, leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile a dhéanamh údarais inniúla na mBallstát rialuithe oifigiúla chun comhlíonadh reachtaíocht an Aontais i réimse na sábháilteachta bia agus beatha a fhíorú. Go háirithe, le hAirteagal 9 den Rialachán sin ceanglaítear ar na húdarais inniúla rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar na hoibreoirí ar fad go rialta, ar bhonn riosca agus a mhinice is iomchuí. Le hAirteagal 109 den Rialachán sin, cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit a áirithiú gur ar bhonn plean rialaithe náisiúnta ilbhliantúil ("MANCP") a dhéanfaidh na húdarais inniúla na rialuithe oifigiúla. Thairis sin, le Rialachán (AE) 2017/625, sonraítear ábhar ginearálta an MANCP, lena n-áirítear an ceanglas ar na Ballstáit foráil a dhéanamh ina MANCP maidir le rialuithe oifigiúla ar úsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de atá údaraithe mar tháirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin bheathaithe agus ar úsáid substaintí toirmisceithe nó neamhúdaraithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus ar úsáid iarmhar díobh. Le Rialachán (AE) 2017/625, tugtar de chumhacht don Choimisiún ábhar sonracha breise sa phlean rialaithe ilbhliantúil náisiúnta a leagan síos mar aon le socrúithe sonracha breise le haghaidh a ullmhaithe, chomh maith le híosmhiniúocht aonfhoirmeach maidir leis na rialuithe oifigiúla, ag féachaint do na guaiseacha agus na rioscaí a bhaineann le substaintí dá dtagraítear in Airteagal 19(1) den Rialachán sin.
- (2) Le Rialachán (AE) 2017/625, aisghairtear Treoir 96/23/CE ón gComhairle <sup>(2)</sup> le héifeacht ón 14 Nollaig 2019 agus leagtar síos leis na bearta idirthrímhseacha ábhartha. Leis na bearta idirthrímhseacha sin, foráiltear go bhfuil na húdarais inniúla le leanúint de na rialuithe oifigiúla is gá a dhéanamh i gcomhréir le Treoir 96/23/CE, go dtí an 14 Nollaig 2022, chun láithreachta substaintí agus grúpaí iarmhar áirithe a bhrath. Go sonracha, leagtar síos leis na bearta idirthrímhseacha ceanglais maidir le pleananna faireacháin na mBallstát chun iarmhair nó substaintí a thagann faoina raon feidhme a bhrath.
- (3) Áirithítear leis an Rialachán seo leanúnachas na rialacha a leagtar síos i dTreoir 96/23/CE ón gComhairle maidir le hábhar an MANCP lena ullmhú, chomh maith le híosmhiniúocht na rialuithe oifigiúla a mhéid a bhaineann le rialuithe oifigiúla ar iarmhair substaintí a ngabhann gníomhaíocht cógaseolaíochta leo, ar iarmhair a meitibílí agus ar iarmhair substaintí eile atá in-tarchurtha chuig táirgí ainmhithe agus ar dócha go ndéanfaid siad dochar do shláinte an duine.

<sup>(1)</sup> IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Treoir 96/23/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 maidir le bearta chun faireachán a dhéanamh ar shubstaintí áirithe agus ar iarmhair na substaintí sin in ainmhithe beo agus i dtáirgí ainmhithe agus lena n-aisghairtear Treoir 85/358/CEE agus Treoir 86/469/CEE agus Cinneadh 89/187/CEE agus Cinneadh 91/664/CEE (IO L 125, 23.5.1996, lch. 10).

- (4) Le Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(3)</sup>, bunaítear an creat rialála maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta a chur ar an margadh, a mhonarú, a allmhairiú, a onnmhairiú, a sholáthar, a dháileadh, a rialú, a úsáid agus faireachas cógas a dhéanamh orthu. Thairis sin, substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de, agus nach n-údaráítear i dtáirgí íocshláinte tréidliachta, ní cheadaítear iad a úsáid i mbia-ainmhíthe san Aontas, cé is moite de shubstaintí atá fíor-riachtanach chun cóireáil a chur ar ainmhíthe eachaí dá dtagraítear i Rialachán (CE) Uimh. 1950/2006 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>.
- (5) Ceanglaítear ar na Ballstáit rialuithe ar bheith ina MANCPanna maidir le húsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de atá údaraithe mar tháirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin bheathaithe agus ar úsáid substaintí toirmisceithe nó neamhúdaraithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus ar úsáid iarmhar díobh i mbia-ainmhíthe agus i dtáirgí de bhunadh ainmhíoch araon. Chun rialuithe comhchuibhithe agus éifeachtacha a áirithiú i measc na mBallstát chun dul i ngleic le húsáid neamhdhleathach spreagthóirí fáis agus táirgiúlachta in ainmhíthe ar coimeád i ngach Ballstát, ba cheart socrúithe praiticiúla aonfhoirmeacha le haghaidh MANCPanna a shainiú tuilleadh.
- (6) Chun comhlíonadh reachtaíocht an Aontais a fhíorú maidir le húsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus atá údaraithe mar tháirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin beatha agus substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus atá toirmisceithe nó neamhúdaraithe ó thaobh na cógaseolaíochta de agus iarmhair díobh, déanfaidh na Ballstáit rialuithe rioscabhunaithe a chur i gcrích ar bhia-ainmhíthe agus ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch, arna dtáirgeadh i mBallstáit nó a thagann isteach san Aontas ó thríú tíortha. Áireofar na rialuithe sin i MANCP gach Ballstát agus beidh trí phlean iontu: plean rialaithe rioscabhunaithe i ndáil le táirgeadh sa Bhallstát, plean rialaithe rioscabhunaithe i ndáil le hallmhairí tríú tíortha, agus, d'fhonn faisnéis a bhailiú a bheidh úsáideach chun rialuithe rioscabhunaithe i ndáil le táirgeadh sna Ballstáit sa todhchaí a dhírú, ba cheart do na Ballstáit plean faireachais randamaithe a áireamh.
- (7) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1644 ón gCoimisiún <sup>(5)</sup>, leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú rialuithe oifigiúla a mhéid a bhaineann leis an raon samplaí agus an chéim den táirgeadh, den phróiseáil agus den dáileadh ag ar gá na samplaí a thógáil a mhéid a bhaineann le húsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de atá údaraithe mar tháirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin bheathaithe agus le húsáid substaintí toirmisceithe nó neamhúdaraithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus le húsáid iarmhar díobh.
- (8) An straitéis samplála agus na critéir riosca chun ábhar an phlean rialaithe rioscabhunaithe i ndáil le táirgeadh sa Bhallstát a shainiú, ba cheart iad araon a shocrú i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1644 agus ba cheart údar le cur chun feidhme na gcritéir riosca a bheith ag gabháil leis an bplean sin. I gcás ina mbeidh faisnéis nua ar fáil faoi chóireálacha neamhdhleathacha, mar shampla tríd an bplean faireachais, agus an plean rialaithe sin á chur i bhfeidhm le linn bliain ar leith, ba cheart do na Ballstáit an plean rialaithe rioscabhunaithe i ndáil le táirgeadh sa Bhallstát a thabhairt cothrom le dáta gan mhoill chun úsáid fhreagrach substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus ardleibhéal cosanta do shláinte an duine a áirithiú. Chun íosmhnicíocht aonfhoirmeach rialuithe a ráthú, ba cheart a shainiú sa Rialachán seo na híosmhnicíochtaí rialaithe a bheidh le háireamh sa MANCP.
- (9) Cuirfidh na Ballstáit plean tiomnaithe faireachais ina MANCPanna freisin, plean a bheidh bunaithe ar shampláil randamach agus tástáil randamach ar réimse leathan substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de atá údaraithe mar tháirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin bheathaithe agus ar shubstaintí toirmisceithe nó neamhúdaraithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus ar iarmhair díobh a d'fhéadfadh gan a bheith á gcur san áireamh sna pleananna rioscabhunaithe náisiúnta.

<sup>(3)</sup> Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirge íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE (IO L 4, 7.1.2019, lch. 43).

<sup>(4)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1950/2006 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2006 lena mbunaítear, i gcomhréir le Treoir 2001/82/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte tréidliachta, liosta substaintí atá fíor-riachtanach chun cóireáil a chur ar eachainmhíthe agus substaintí a bhfuil breisluach cliniciúil ag baint leo (IO L 367, 22.12.2006, lch. 33).

<sup>(5)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1644 ón gCoimisiún an 7 Iúil 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais shonracha maidir le feidhmiú rialuithe oifigiúla ar úsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de atá údaraithe mar tháirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin bheathaithe agus ar úsáid substaintí toirmisceithe nó neamhúdaraithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus ar úsáid iarmhar díobh (Féach leathanach 3 den Iris Oifigiúil seo).

- (10) Maidir leis an bplean faireachais, is iomchuí go dtógfaí tuairim is 8 000 sampla ar fud an Aontais. Ba cheart na rialuithe agus an tsampláil ghaolmhar a chionroinnt ar fud na mBallstát. Ba cheart na híosmhinicíoachtaí samplála sin a chur san áireamh i MANCP.
- (11) Chun a áirithiú go mbeidh na torthaí a fhaightear faoin bplean faireachais inchomparáide, ba cheart na cineálacha modhanna anailíse a shonrú sa phlean seo, mar aon leis na ceanglais maidir leis na modhanna. Maidir leis an bplean faireachais le haghaidh substaintí toirmisceithe nó neamhúdaraíthe, sa bhreis ar mhodhanna deimhniúcháin, is éifeachtúil iad na modhanna scagtha atá spriodhíthe agus nach bhfuil spriodhíthe chun úsáidí neamhdhleáthacha nach mbeadh coinne leo maidir le substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de atá údaraíthe, toirmisceithe nó neamhúdaraíthe. Maidir leis an bplean faireachais le haghaidh substaintí údaraíthe, ba cheart modhanna scagtha nó deimhniúcháin a úsáid a bheadh in ann iarmhair a chainníochtú faoi bhun na huasteorann iarmhar ("MRL") agus ba cheart na tiúchain atá cainníochtaithe faoin MRL a thuairisciú sa bhreis orthu siúd atá ag an MRL nó os a chionn.
- (12) Sa bhreis ar rialuithe maidir le tairgeadh na mBallstát, ba cheart do na Ballstáit plean rialaithe i leith táirgí a bhfuil sé beartaithe iad a thabhairt isteach san Aontas ó thríú tíortha a áireamh ina MANCP agus é sin a dhéanamh chun éifeachtacht rialuithe iarmhar na dtríú tíortha a fhíorú agus chun a fhíorú go gcomhlíonann táirgí allmhairithe de bhunadh ainmhíoch rialacha an Aontais. Chun íosmhinicíocht aonfhoirmeach na rialuithe arna ndéanamh faoin bplean le haghaidh allmhairí tríú tíortha a ráthú agus chun a áirithiú go ndéanfar iad ag an minicíocht chéanna agus minicíocht rialaithe an phlean rialaithe rioscabhunaithe i ndáil le tairgeadh sna Ballstáit, ba cheart a shainiú sa Rialachán seo na híosmhinicíoachtaí le haghaidh na rialuithe sin a bheidh le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit, ar trína bpoist rialaithe teorann a thagann na hainmhithe agus táirgí de bhunadh ainmhíoch isteach san Aontas.
- (13) Chun a áirithiú go mbeidh ábhar comhchuíbhithe agus cuimsitheach sa MANCP maidir le húsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus atá údaraíthe mar tháirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin beatha agus úsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de atá toirmisceithe nó neamhúdaraíthe i mbia-ainmhithe agus iarmhair na substaintí sin in ainmhithe agus i dtáirgí de bhunadh ainmhíoch, ba cheart gnéithe ábhartha a ábhar a shainiú.
- (14) Bíonn tionchar ag nósanna imeachta samplála, ag láimhseáil agus ag dálaí iompair ar an gcumas chun a bhrath an ann do shubstaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus atá údaraíthe mar tháirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin beatha agus substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de nó neamhúdaraíthe i samplaí. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit na rialacha a leagtar síos le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/808 ón gCoimisiún <sup>(6)</sup> a chomhlíonadh.
- (15) Maidir leis na torthaí anailíse a bhailítear de réir na bpleananna rialaithe a mhéid a bhaineann le húsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de atá údaraíthe mar tháirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin beathaithe, agus ar úsáid substaintí toirmisceithe nó neamhúdaraíthe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus iarmhar díobh, is gá a áirithiú gur inchomparáide atá na torthaí anailíse agus léirmhíniú na dtorthaí sin. Dá bhrí sin, ba cheart go dtuairiscítear sna pleananna na modhanna anailíse a úsáidfead mar aon lena riachtanais feidhmíochta, i gcomhréir le forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/808.
- (16) Maidir le pleananna rialaithe rioscabhunaithe na mBallstát i ndáil le tairgeadh an Aontais agus le hallmhairí tríú tíortha araon, mar aon lena bpleananna faireachais maidir le tairgeadh sna Ballstáit, chun a áirithiú go ndéanfaidh siad an Rialachán seo a chomhlíonadh, ba cheart do na Ballstáit na pleananna rialaithe sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin chun meastóireacht a dhéanamh orthu go bliantúil. Ba cheart don Choimisiún a bharúlacha a chur in iúl do na Ballstáit más gá. Ba cheart do na Ballstáit plean athbhreithnithe agus nuashonraithe a ullmhú, a bhfuil na barúlacha mar chuid de, faoin 31 Márta den bhliain dár gcionn ar a dhéanaí. I gcás ina measann an Coimisiún, áfach, go ndéanfaidh na pleananna dochar d'éifeachtacht rialuithe oifigiúla, ba cheart an Coimisiún a bheith in ann iarraidh ar an mBallstát plean cothrom le dáta a chur isteach chun aghaidh a thabhairt ar bharúlacha an Choimisiúin ag dáta níos luaithe.

<sup>(6)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/808 ón gCoimisiún an 22 Márta 2021 maidir le modhanna anailíse a fheidhmiú i leith iarmhair substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus a úsáidtear i mbia-ainmhithe agus maidir le torthaí a léirmhíniú agus freisin maidir leis na modhanna atá le húsáid le haghaidh samplála agus lena n-aisghairtear Cinntí 2002/657/CE agus 98/179/CE (IO L 180, 21.5.2021, lch. 84).

- (17) I gcomhréir le hAirteagal 33 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (<sup>(7)</sup>), na sonraí a bhailíonn na Ballstáit trí bhíthin rialuithe oifigiúla i leith úsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de atá údaraithe mar tháirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin bheathaithe agus úsáid substaintí toirmiscthe nó neamhúdaraithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus iarmhar díobh, ní mór na sonraí sin a chur faoi bhráid Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (“EFSA”). Chun go mbeifear in ann faireachán a dhéanamh ar shonraí atá ann le déanaí, ba cheart do na Ballstáit uile sonraí a chur isteach ar bhonn rialta agus faoin dáta céanna.
- (18) Cinneadh 97/747/CE ón gCoimisiún (<sup>(8)</sup>), lena socraítear leibhéil agus minicíochtaí na samplála sa bhreis ar na leibhéil agus na minicíochtaí dá bhforáiltear sna hlarscríbhinní a ghabhann le Treoir 96/23/CE, ba cheart é a aisghairm ós rud é go gcuirtear forálacha an Rialacháin seo in ionad a fhorálacha.
- (19) Na rialacha a leagtar síos sna hlarscríbhinní a ghabhann le Treoir 96/23/CE maidir le bearta chun faireachán a dhéanamh ar shubstaintí áirithe agus ar iarmhair díobh in ainmhithe beo agus i dtáirgí de bhunadh ainmhíoch, ós rud é go bhfuil na rialacha sin le cur i bhfeidhm go dtí an 14 Nollaig 2022, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 15 Nollaig 2022.
- (20) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### CAIBIDIL I

### ÁBHAR, RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE

#### *Airteagal 1*

#### **Ábhar**

Chun críoch rialuithe oifigiúla maidir le húsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de atá údaraithe mar tháirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin bheathaithe, agus le húsáid substaintí toirmiscthe nó neamhúdaraithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus iarmhar díobh, leagtar síos an méid seo a leanas leis an Rialachán seo:

- (a) an íosmhinicíocht aonfhoirmeach bhliantúil mar chuid de rialuithe oifigiúla, ag féachaint do na guaiseacha agus do na rioscaí i ndáil leis na substaintí lena mbaineann;
- (b) socruithe sonracha breise agus ábhar sonracha breise le haghaidh plean rialaithe ilbhliantúla náisiúnta na mBallstát (“MANCP”), sa bhreis ar na socruithe sin agus ar an ábhar sin dá bhforáiltear in Airteagal 110 de Rialachán (AE) 2017/625.

#### *Airteagal 2*

#### **Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe i Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2090 ón gCoimisiún (<sup>(9)</sup>), i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/808 agus i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1644.

(<sup>7</sup>) Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus cheanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

(<sup>8</sup>) 97/747/CE: Cinneadh ón gCoimisiún an 27 Deireadh Fómhair 1997 lena socraítear leibhéil agus minicíochtaí na samplála dá bhforáiltear le Treoir 96/23/CE ón gComhairle chun faireachán a dhéanamh ar shubstaintí áirithe agus ar iarmhair na substaintí sin i dtáirgí áirithe ainmhithe (IO L 303, 6.11.1997, lch. 12).

(<sup>9</sup>) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2090 ón gCoimisiún an 19 Meitheamh 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cásanna amhrasta neamhchomhlíontachta nó cásanna neamhchomhlíontachta arna suí le rialacha an Aontais is infheidhme maidir le húsáid substaintí nó iarmhair substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus atá údaraithe i dtáirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin bheatha nó le rialacha an Aontais is infheidhme maidir le húsáid substaintí nó iarmhair substaintí toirmiscthe nó neamhúdaraithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de (IO L 317, 9.12.2019, lch. 28).

## CAIBIDIL II

## ÁBHAR SONRACH BREISE AN MANCP

## Airteagal 3

## Forálacha Ginearálta

Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil an méid seo a leanas sa chuid den MANCP a bhaineann le feidhmiú rialuithe oifigiúla ar úsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de atá údaraithe mar tháirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin bheathaithe agus úsáid substaintí toirmisce nó neamhúdaraithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus iarmhar díobh in ainmhithe beo agus i dtáirgí de bhunadh ainmhíoch:

- (a) “plean rialaithe rioscabhunaithe náisiúnta i ndáil le táirgeadh sna Ballstáit”, faoi mar a leagtar amach in Airteagal 4;
- (b) “plean faireachais randamaithe náisiúnta i ndáil le táirgeadh sna Ballstáit”, faoi mar a leagtar amach in Airteagal 5
- (c) “plean rialaithe rioscabhunaithe náisiúnta i ndáil le hallmhairí tríú tíortha”, faoi mar a leagtar amach in Airteagal 6.

## Airteagal 4

## Plean rialaithe rioscabhunaithe náisiúnta i ndáil le táirgeadh sna Ballstáit

Ullmhóidh na Ballstáit plean rialaithe rioscabhunaithe náisiúnta i leith substaintí i ngrúpaí A agus B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1644 chun a fhíorú go gcomhlíonann bia-ainmhithe agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a tháirgtear sna Ballstáit reachtaíocht an Aontais lena rialaítear úsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de atá údaraithe mar tháirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin bheathaithe agus úsáid substaintí toirmisce nó neamhúdaraithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus iarmhar díobh agus go gcomhlíonann siad na huasleibhéil iarmhar (“MRL”) is infheidhme agus na huasleibhéil (“ML”) is infheidhme i mbia.

Beidh an méid seo a leanas sa phlean rialaithe rioscabhunaithe náisiúnta i ndáil le táirgeadh sna Ballstáit:

- (a) liosta na dteaglaim substaintí agus speiceas, táirgí agus maitrísí i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1644;
- (b) an straitéis samplála arna cinneadh ag an mBallstát i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1644;
- (c) minicíochtaí iarbhair na samplála arna gcinneadh ag an mBallstát agus na híosmhinicíochtaí bliantúla maidir le rialuithe a leagtar síos in Iarscríbhinn I á gcur san áireamh;
- (d) na modhanna anailíse a bheidh le húsáid agus a saintréithe feidhmiúcháin;
- (e) an fhaisnéis mhionsonraithe dá dtagraítear in Airteagal 7(1) agus (2).

De bhun Airteagal 111(2) de Rialachán (AE) 2017/625, le linn don MANCP a bheith á chur i gcrích, déanfaidh na Ballstáit athbhreithniú ar an bplean rioscabhunaithe náisiúnta i ndáil le táirgeadh sna Ballstáit chun cóireálacha neamhdhleathacha, go háirithe iad siúd a aithnítear tríd an bplean faireachais.

## Airteagal 5

## Plean faireachais randamaithe náisiúnta i ndáil le táirgeadh sna Ballstáit

Ullmhóidh na Ballstáit plean faireachais randamaithe náisiúnta le haghaidh na rialaithe maidir le táirgeadh sna Ballstáit, rud a áiritheoidh go ndéanfar faireachán randamach i leith réimse leathan substaintí.

Beidh an méid seo a leanas sa phlean faireachais randamaithe náisiúnta i ndáil le táirgeadh sna Ballstáit:

- (a) liosta na dteaglamaí substaintí agus speiceas, táirgí agus mairtrísí i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1644;
- (b) an straitéis samplála arna cinneadh ag an mBallstát a leagtar amach i gcomhréir le hIarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1644;
- (c) minicíochtaí iarbhír na samplála arna gcinneadh ag an mBallstát agus na híosmhinicíochtaí bliantúla samplála a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo á gcur san áireamh;
- (d) an fhaisnéis mhionsonraithe dá dtagraítear in Airteagal 7(1).

I gcomhréir leis na ceanglais le haghaidh modhanna anailíse dá bhforáiltear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/808, úsáidfidh na Ballstáit modhanna anailíse chun anailís a dhéanamh ar shubstaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus atá údaraithe mar tháirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin bheatha agus ar shubstaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de toirmisce nó neamhúdaraithe agus iarmhair díobh de bhunadh ainmhíoch, lena gcuirtear torthaí cainníochtúla nó leathchainníochtúla ar fáil, lena n-áirítear nuair a dhéantar na hiarmhair sin a shainaithint agus a chainníochtú ag leibhéil faoi bhun an MRL.

Cuirfidh na Ballstáit san áireamh ceanglais tuairiscithe maidir leis na rialuithe ar úsáid substaintí údaraithe, lena n-áiríthítear tuairisciú na dtíochan ar fad ag an gcumas braite le haghaidh scagthástáil (“CCβ”) an mhodha nó os cionn, agus á áirithiú ag an am céanna go bhfaighfear an CCβ is ísle, atá indéanta go réasúnta, i gcás na modhanna, tíochain a úsáidtear chun na hanailísí scagtha a dhéanamh. Maidir le tástáil nach ndéantar ach le modhanna deimhniúcháin amháin, déanfar na torthaí inchainníochtúla ar fad a thuairisciú. I gcás ina n-úsáidfeadh modhanna scagtha atá spriocdhírthe agus nach bhfuil spriocdhírthe, tabharfaidh na Ballstáit tuairisc ar úsáid na modhanna anailíse sin agus ar thorthaí na modhanna sin.

#### Airteagal 6

### **Plean rialaithe rioscabhunaithe náisiúnta i ndáil le hallmhairí tríú tíortha**

Ullmhóidh na Ballstáit plean rialaithe rioscabhunaithe náisiúnta le haghaidh bia-ainmhithe agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann isteach san Aontas agus a bheartaítear a chur ar mhargadh an Aontais trína gcuid post rialaithe teorann (“BCP”) agus trí phointí teacht isteach eile amháin ar shoithí de réir Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún<sup>(10)</sup> chun comhlíonadh reachtaíocht an Aontais maidir le húsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh cógaseolaíochta de mar a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1644 agus comhlíonadh MRLanna agus MLanna is infheidhme a fhíorú.

Is mar chuid de na rialuithe oifigiúla ag BCP dá bhforáiltear in Airteagail 47 agus 65 de Rialachán (AE) 2017/625 a dhéanfar rialuithe maidir le húsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus atá údaraithe mar tháirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin bheatha agus substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus atá toirmisce nó neamhúdaraithe ó thaobh na cógaseolaíochta de agus iarmhair díobh.

Beidh an méid seo a leanas sa phlean rialaithe rioscabhunaithe náisiúnta i ndáil le hallmhairí tríú tíortha:

- (a) liosta na dteaglamaí substaintí agus speiceas, táirgí agus mairtrísí i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1644;
- (b) an straitéis samplála arna cinneadh ag an mBallstát i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1644;
- (c) minicíochtaí iarbhír na samplála i ndáil le rialuithe a cuirtear i gcrích ag BCP arna gcinneadh ag an mBallstát agus na híosmhinicíochtaí bliantúla samplála i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo á gcur san áireamh. Ní mheasfar, áfach, maidir leis na samplaí a thógtar chun críche rialuithe oifigiúla arna ndéanamh de bhun Airteagal 65(1), (2) agus (4) de Rialachán (AE) 2017/625, gur samplaí iad a rannchuidíonn le minicíochtaí samplála íosta Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo a bhaint amach;

<sup>(10)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún an 15 Márta 2019 lena leagtar síos socrúithe praiticiúla aonfhoirmeacha maidir le feidhmiú rialuithe oifigiúla ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2074/2005 ón gCoimisiún maidir le rialuithe oifigiúla (IO L 131, 17.5.2019, lch. 51).

- (d) na modhanna anailíse a bheidh le húsáid agus a saintréithe feidhmiúcháin;
- (e) an fhaisnéis mhionsonraithe dá dtagraítear in Airteagal 7(1) agus (2).

#### Airteagal 7

### Ábhar breise na bpleananna rialaithe rioscabhunaithe náisiúnta agus an phlean faireachais randamaithe náisiúnta

1. Sna pleananna rialaithe rioscabhunaithe náisiúnta, dá dtagraítear in Airteagail 4 agus 6, agus sa phlean faireachais randamaithe náisiúnta, dá dtagraítear in Airteagal 5, sonrúfar an fhaisnéis seo a leanas:
  - (a) na sonraí maidir leis na speicis atá le sampláil agus maidir leis an áit ina ndéanfar an tsampláil;
  - (b) faisnéis maidir leis an reachtaíocht náisiúnta i ndáil le húsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus, go háirithe, i ndáil lena dtoirmeasc nó lena n-údarú, lena ndáileadh agus lena gcur ar an margadh agus na rialacha lena rialaítear a riarachán, sa mhéid nach bhfuil an reachtaíocht sin comhchuibhithe;
  - (c) faisnéis faoi na húdaráis inniúla atá freagrach as na pleananna a chur chun feidhme;
  - (d) na cineálacha bearta leantacha a rinne na húdaráis inniúla maidir le hainmhithe nó táirgí de bhunadh ainmhíoch ina n-aimsíodh iarmhair neamhchomhlíontacha sna blianta roimhe sin
2. Sna pleananna rialaithe rioscabhunaithe náisiúnta dá dtagraítear in Airteagail 4 agus 6, sa bhreis ar an bhfaisnéis a shonraítear i mír 1, déanfar foráil maidir leis an méid seo a leanas:
  - (a) réasúnú maidir leis na substaintí, na speicis, na táirgí agus na maitrísí roghnaithe a áiríodh sna pleananna ar bhonn na gcritéar a liostaítear in Iarscríbhinní II agus VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1644, lena n-áirítear réasúnú maidir leis an gcaoi ar cuireadh na critéir a liostaítear sna hIarscríbhinní sin san áireamh, fiú mura ndearnadh aon athruithe i gcomparáid le plean na bliana roimhe sin;
  - (b) réasúnú maidir leis an gcaoi ar cuireadh san áireamh faisnéis ó fhorléargas ar neamhchomhlíonadh sa Bhallstát ábhartha sna 3 bliana féilire roimhe sin a chuir EFSA ar fáil chun an plean a bharrfheabhsú.

I gcomhréir le hAirteagal 110(2) de Rialachán (AE) 2017/625 ní gá do na Ballstáit faisnéis a soláthraíodh cheana sa chuid ghinearálta den MANCP nó a bhfuil tuairisc uirthi i reachtaíocht an Aontais a chur isteach.

#### CAIBIDIL III

### NA PLEANANNA AGUS MEASTÓIREACHT AR NA PLEANANNA, AGUS SONRAÍ Á gCUR ISTEACH AG NA BALLSTÁIT

#### Airteagal 8

### Na pleananna rialaithe a chur isteach agus meastóireacht a dhéanamh orthu

Faoin 31 Márta gach bliain, déanfaidh na Ballstáit, i bhformáid chomhaontaithe, pleananna rialaithe rioscabhunaithe náisiúnta athbheithnithe agus nuashonraithe agus plean faireachais randamaithe le haghaidh na bliana féilire reatha a chur faoi bhráid an Choimisiúin go leictreonach.

Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar na pleananna sin ar bhonn an Rialacháin seo agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1644 agus cuirfidh sé in iúl do gach Ballstát a mheastóireacht, mar aon le barúlacha nó molta, i gcás inar gá, laistigh de 4 mhí ón tráth a bhfaighidh sé na pleananna.

Cuirfidh na Ballstáit leaganacha nuashonraithe de gach plean ar fáil don Choimisiún, agus déanfaidh siad achoimre ar an gcaoi a cuireadh barúlacha an Choimisiúin san áireamh, agus déanfaidh siad é sin faoin 31 Márta den bhliain dár gcionn ar a dhéanaí. I gcás ina gcinfidh Ballstát gan a pleananna rialaithe a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn bharúlacha an Choimisiúin, léireoidh sé réasúnú a sheasaimh.



I gcás ina measfaidh an Coimisiún go ndéanadh na pleananna dochar d'éifeachtacht na rialuithe oifigiúla, déanfar leaganacha nuashonraithe de na pleananna lena mbaineann a chur isteach níos luaithe arna iarraidh sin don Choimisiún agus laistigh de thréimhse ama réasúnta a shocróidh an Coimisiún.

#### *Airteagal 9*

### **Cur isteach sonraí ag na Ballstáit**

Faoin 30 Meitheamh gach bliain, tarchuirfidh na Ballstáit chuig EFSA na sonraí go léir ón mbliain roimhe sin, lena n-áirítear torthaí comhlíontacha na modhanna scagtha i gcás nach ndearnadh aon anailís deimhnitheacha, arna mbailiú faoi na pleananna rialaithe dá dtagraítear in Airteagal 3.

Faoin 31 Lúnasa gach bliain, cuirfidh gach Ballstát bailchríoch ar bhailíochtú, ar athbhreithniú agus ar ghlacadh deiridh sonraí i gcórais stórtha sonraí EFSA.

#### CAIBIDIL IV

### **FORÁLACHA GINEARÁLTA**

#### *Airteagal 10*

### **Cinneadh 97/747/CE a aisghairm**

Déantar Cinneadh 97/747/CE a aisghairm dá bhrí sin.

#### *Airteagal 11*

### **Tagairtí**

Tagairtí d'Airteagail 3, 4, 5, 6, 7 agus 8 de Threoir 96/23/CE agus d'Iarscríbhinní I agus IV a ghabhann leis an Treoir sin agus do Chinneadh 97/747/CE, déanfar iad a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

#### *Airteagal 12*

### **Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 15 Nollaig 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

## IARSCRÍBHINN I

**An mhinicíocht samplála in aghaidh an Bhallstáit sa phlean rialaithe rioscabhunaithe náisiúnta i ndáil le táirgeadh sna Ballstáit (dá dtagraítear in Airteagal 4, pointe (c))**

Is mar a leanas an líon íosta samplaí:

	An mhinicíocht samplála — Substaintí Ghrúpa A
Bó-ainmhithe	Ar a laghad 0,25 % den líon ainmhí a maraíodh (ar a laghad 25 % de na samplaí le tógáil ó ainmhithe beo ar an bhfeirm agus ar a laghad 25 % de na samplaí le tógáil ag an seamlas)
Caoirigh agus gabhair	Ar a laghad 0,01 % den líon ainmhí a maraíodh in aghaidh an speicis
Muc-ainmhithe	Ar a laghad 0,02 % den líon ainmhí a maraíodh
Eachainmhithe	Ar a laghad 0,02 % den líon ainmhí a maraíodh
Éanlaith chlóis	Maidir le gach catagóir d'éanlaith chlóis a bhreithnítear (sicíní grísce, cearca spíonta, turcaithe agus éanlaith chlóis eile), sampla amháin ar a laghad in aghaidh gach 400 tonna den táirgeadh bliantúil (meálata)
Dobharshaothrú (éisc eite, crústaigh agus táirgí do Bharshaothraithe eile)	Ar a laghad sampla amháin in aghaidh gach 300 tonna den táirgeadh bliantúil do Bharshaothraithe le haghaidh an chéad 60 000 tonna den táirgeadh agus ansin sampla amháin le haghaidh gach 2 000 tonna breise
Bainne bó, caorach agus gabhar	Sampla amháin ar a laghad in aghaidh gach 30 000 tonna den táirgeadh bliantúil bainne in aghaidh an speicis
Uibheacha circe agus uibheacha eile	Sampla amháin ar a laghad in aghaidh gach 2 000 tonna den táirgeadh bliantúil uibheacha in aghaidh an speicis
Coiníní, géim saothraithe, reptíl agus feithidí	Ar a laghad sampla amháin in aghaidh gach 100 tonna den táirgeadh bliantúil (meálata) coiníní, géime saothraithe nó reptíl le haghaidh an chéad 3 000 tonna den táirgeadh agus ansin sampla amháin le haghaidh gach 1 000 tonna breise Sampla amháin ar a laghad in aghaidh gach 25 tonna den táirgeadh bliantúil feithidí
Mil	Ar a laghad sampla amháin in aghaidh gach 50 tonna den táirgeadh bliantúil le haghaidh an chéad 5 000 tonna táirgthe agus ansin sampla amháin le haghaidh gach 500 tonna breise
Cásálacha *	Sampla amháin ar a laghad in aghaidh gach 300 tonna den táirgeadh bliantúil

\* \* Mar a shainmhínítear i Rialachán Tarmhligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis dóibh a theacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

	An mhinicíocht samplála — Substaintí Ghrúpa B
Bó-ainmhithe	Ar a laghad 0,10 % den líon ainmhí a maraíodh
Caoirigh agus gabhair	Ar a laghad 0,02 % den líon ainmhí a maraíodh in aghaidh an speicis
Muc-ainmhithe	Ar a laghad 0,02 % den líon ainmhí a maraíodh
Eachainmhithe	Ar a laghad 0,02 % den líon ainmhí a maraíodh
Éanlaith chlóis	Maidir le gach catagóir d'éanlaith chlóis a bhreithnítear (sicíní grísce, cearca spíonta, turcaithe agus éanlaith chlóis eile), sampla amháin ar a laghad in aghaidh gach 500 tonna den táirgeadh bliantúil (meálata)

	An mhinicíocht samplála — Substaintí Ghrúpa B
Dobharshaothrú (éisc eite, crústaigh agus táirgí do bharshaothraithe eile)	Ar a laghad sampla amháin in aghaidh gach 300 tona de tháirgeadh bliantúil do bharshaothraithe le haghaidh an chéad 60 000 tona táirgthe agus ansin sampla amháin le haghaidh gach 2 000 tona breise
Bainne bó, caorach agus gabhar	Sampla amháin ar a laghad in aghaidh gach 30 000 tona den táirgeadh bliantúil bainne in aghaidh an speicis
Uibheacha circe agus uibheacha eile	Sampla amháin ar a laghad in aghaidh gach 2 000 tona den táirgeadh bliantúil uibheacha in aghaidh an speicis
Coiníní, géim saothraithe, reiptíl agus feithidí	Ar a laghad sampla amháin in aghaidh gach 50 tona den táirgeadh bliantúil (meálsta) coiníní, géime saothraithe nó reiptíl le haghaidh an chéad 3 000 tona den táirgeadh agus ansin sampla amháin le haghaidh gach 500 tona breise Sampla amháin ar a laghad in aghaidh gach 25 tona den táirgeadh bliantúil feithidí
Mil	Ar a laghad sampla amháin in aghaidh gach 50 tona den táirgeadh bliantúil le haghaidh an chéad 5 000 tona táirgthe agus ansin sampla amháin le haghaidh gach 500 tona breise

### Forálacha breise

- Más ábhartha chun comhlíonadh reachtaíocht an Aontais a fhíorú maidir le húsáid substaintí toirmisceithe nó neamhúdaraíthe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de, féadfaidh na Ballstáit samplaí a thógáil ó bheatha, uisce nó mairtís nó comhshaoil ábhartha eile agus a áireamh chun na minicíochtaí íosta samplála dá bhforáiltear san Iarscríbhinn seo a bhaint amach.
- Maidir leis na rialuithe ar gach teaghlaim d'fhoghrúpaí de shubstaintí Ghrúpa A agus de ghrúpaí tráchtearraí faoi mar a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1644, déanfar iad a chur i gcrích go bliantúil in 5 % ar a laghad de na samplaí a thógtar i gcomhréir leis tábla na hIarscríbhinne seo le haghaidh an ghrúpa tráchtearraí sin. Níl feidhm ag an íoschéatadán seo maidir le cásálacha agus níl feidhm aige maidir le grúpa A(3), pointe (f), le haghaidh gach grúpa tráchtearraí.
- Maidir le substaintí Ghrúpa B, tá roghnú substaintí sonracha le haghaidh tástála laistigh de gach grúpa substaintí le cinneadh de réir na gcritéar a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1644.
- Laistigh de ghrúpa bó-ainmhithe, ainmhithe de chineál caorach agus de chineál gabhair, tógtar na samplaí ó gach speiceas, agus an méid táirgeachta coibhneasta atá acu á chur san áireamh. Cumhdóidh an tsampláil ainmhithe le haghaidh táirgeadh déiríochta agus ainmhithe le haghaidh táirgeadh feola araon.
- Laistigh den ghrúpa éanlaithe clóis, tógtar samplaí ó shicíní grísce, cearca spíonta, turcaithe agus ó éanlaith chlóis eile, agus an méid táirgeachta coibhneasta atá acu á gcur san áireamh.
- Laistigh den ghrúpa do bharshaothraithe, tógtar samplaí ó speicis dhobharshaothraithe fionnuisce agus uisce sáile, agus an méid táirgeachta coibhneasta atá acu á gcur san áireamh.
- I gcás ina bhfuil cúis ann lena chreidiúint go bhfuil substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de á n-úsáid ar na táirgí do bharshaothraithe eile, ní mór na speicis sin a áireamh sa phlean samplála i gcomhréir lena dtáirgeadh agus iad ina samplaí sa bhreis ar na samplaí a thógtar le haghaidh táirgí feirmeoireachta éisc eiti.
- Tógtar an líon samplaí is gá chun an mhinicíocht samplála a fhorordaítear a bhaint amach. Is tagairt é seo do líon na n-ainmhithe a sampláladh (nó líon na n-ainmhithe ar dócha go gcuirfear cóireáil air i ngrúpa áirithe (e.g. iasc)) gan beann ar líon na dtástálacha a dhéanfar in aghaidh gach sampla.
- I gcás ina ndéanfar anailís ar shubstaintí ó Ghrúpaí A agus B in aon shampla amháin ó ainmhí amháin, is féidir an sampla seo a chur san áireamh i dtreo na híosmhinicíochta samplála le haghaidh an dá ghrúpa (Grúpaí A agus B) ós rud é gur féidir é a dhoiciméadú, agus gurb ionann na critéir riosca do Ghrúpaí A agus B. Má thógtar sampla eile de mhairtís eile ón ainmhí céanna chun anailís a dhéanamh ar shubstaintí ghrúpa A agus/nó ghrúpa B, ní chuirfear an toradh san áireamh i dtreo na híosmhinicíochta samplála. I gcás ina ndéanfar anailís ar shubstaintí ó Ghrúpa A in aon

shampla amháin ó ainmhí amháin agus ina ndéanfar anailís ar shubstaintí ó Ghrúpa i sampla ó mhaitrís eile ón ainmhí céanna, is féidir an dá shampla sin a chur san áireamh chun na híosmhinicíochta samplála don dá ghrúpa (Grúpaí A agus B) ós rud é gur féidir é a dhoiciméadú, agus gur cuireadh i bhfeidhm na critéir riosca le haghaidh Grúpaí A agus B.

- (j) Ní dhéanfar samplaí amhrasta a glacadh le linn na hoibre leantaí ar neamhchomhlíonadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/2090 a chomhaireamh chun an mhinicíocht samplála a leagtar síos le haghaidh plean riosca-bhunaithe i ndáil le táirgeadh AE a bhaint amach.
- (k) Chun íosmhinicíochtaí na rialuithe a ríomh, úsáidfidh na Ballstáit na sonraí táirgthe is déanaí atá ar fáil, ón mbliain roimhe sin ar a laghad nó ón mbliain leathdheireanach ar a mhéad, agus iad coigeartaithe, más ábhartha, chun athruithe sa táirgeadh a léiriú ó cuireadh na sonraí ar fáil.
- (l) I gcás inar lú ná cúig shampla in aghaidh na bliana a bheadh sa mhinicíocht samplála arna ríomh i gcomhréir leis an larscríbhinn seo, féadfar an tsampláil a dhéanamh uair amháin gach 2 bhliain. I gcás nach sroichtear, laistigh de thréimhse 2 bhliain, an táirgeadh a chomhfhreagraíonn d'íosmhéid sampla amháin, déanfar anailís ar shampla amháin ar a laghad uair amháin in aghaidh gach 2 bhliain ar choinníoll go ndéantar an táirgeadh le haghaidh an speicis nó an táirge sin sa Bhallstát.
- (m) Samplaí a thógtar chun críocha pleananna rialaithe eile atá ábhartha maidir le hanailís a dhéanamh ar shubstaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus ar iarmhair díobh (e.g. ar éilleáin, ar iarmhair lotnaidicídí, etc.), féadfar iad a úsáid freisin le haghaidh rialuithe ar shubstaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de ar choinníoll go ndéanfar na ceanglais maidir leis na rialuithe ar shubstaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de a chomhlíonadh.

## IARSCRÍBHINN II

**An mhinicíocht samplála in aghaidh an Bhallstáit sa phlean faireachais randamaithe náisiúnta i ndáil le táirgeadh sna Ballstáit (dá dtagraítear in Airteagal 5, pointe (c))**

Is mar a leanas an líon íosta samplaí:

Ballstát	An líon íosta samplaí	Ballstát	An líon íosta samplaí
An Bheilg	195	An Liotuáin	50
An Bhulgáir	120	Lucsamburg	10
An tSeicia	180	An Ungáir	165
An Danmhairg	100	Málta	10
An Ghearmáin	1 425	An Ísiltír	300
An Eastóin	25	An Ostair	150
Éire	85	An Pholainn	650
An Ghréig	185	An Phortaingéil	175
An Spáinn	805	An Rómáin	335
An Fhrainc	1 150	An tSlóivéin	35
An Chróit	70	An tSlóvaic	95
An Iodáil	1 050	An Fhionlainn	95
An Chipir	15	An tSualainn	175
An Laitvia	35	An Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann) *	30

\* I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhar le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, chun críocha an Rialacháin seo, baineann tagairtí do na Ballstáit leis an Ríocht Aontaithe i leith Thuaisceart Éireann

**Forálacha breise:**

- Déanfar na samplaí arna dtógáil faoina phlean faireachais a dháileadh ar na speicis éagsúla agus ar na táirgí éagsúla de réir an chion ar a dhéanann siad ionadaíocht faoin táirgeadh agus tomhaltas náisiúnta.
- 25 % de na samplaí a thógfáir de bhun an phlean sin, déanfar anailís orthu le haghaidh substaintí de Ghrúpa A.
- 75 % de na samplaí a thógfáir de bhun an phlean sin, déanfar anailís orthu le haghaidh substaintí de Ghrúpa B.

## IARSCRÍBHINN III

**An íosmhinicíocht samplála in aghaidh an Bhallstáit sa phlean rialaithe rioscabhunaithe náisiúnta i ndáil le hallmhairí tríú tíortha (dá dtagraítear in Airteagal 6, pointe (c))**

Féadfar an íosmhinicíocht samplála a úsáid mar chuid de phlean faireachais ag poist rialaithe teorann i gcomhréir le pointe 5 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2130 <sup>(1)</sup>.

Rialuithe a dhéantar de bhun na bearta éigeandála bunaithe agus na rialuithe oifigiúla treisithe, ar bhonn Airteagal 53 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Airteagal 65(4) de Rialachán (AE) 2017/625, ní áireofar iad chun na híosmhinicíochtaí samplála a leagtar síos san Iarscríbhinn seo a bhaint amach.

Rialuithe ar tháirgí bia ó thríú tíortha áirithe a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2129 <sup>(2)</sup>, ar tíortha iad a bhfuil comhaontuithe coibhéise maidir le seiceálacha fisiceacha tugtha i gcrích ag an Aontas leo, ní áireofar iad chun na híosmhinicíochtaí samplála a leagtar síos san Iarscríbhinn seo a bhaint amach.

Is mar a leanas an líon íosta samplaí:

	An mhinicíocht samplála le haghaidh substaintí de Ghrúpaí A agus B
Bó-ainmhithe (lena n-áirítear ainmhithe beo, feoil, feoil mhionaithe, feoil scartha go meicniúil, ullmhóidí feola agus táirgí feola)	7 % ar a laghad de na coinsíneachtaí allmhairithe
Caoirigh/gabhair (lena n-áirítear ainmhithe beo, feoil, feoil mhionaithe, feoil scartha go meicniúil, ullmhóidí feola agus táirgí feola)	3 % ar a laghad de na coinsíneachtaí allmhairithe
Muc-ainmhithe (lena n-áirítear ainmhithe beo, feoil, feoil mhionaithe, feoil scartha go meicniúil, ullmhóidí feola agus táirgí feola)	3 % ar a laghad de na coinsíneachtaí allmhairithe
Eachainmhithe (lena n-áirítear ainmhithe beo a bhfuil sé beartaithe iad a mharú lena gcaitheamh ag an duine, feoil, feoil mhionaithe, feoil scartha go meicniúil, ullmhóidí feola agus táirgí feola)	3 % ar a laghad de na coinsíneachtaí allmhairithe
Éanlaith chlóis * (lena n-áirítear ainmhithe beo, éineoil agus táirgí éineola)	7 % ar a laghad de na coinsíneachtaí allmhairithe
Dobharshaothrú (éisc eite, crústaigh agus táirgí do Bharshaothraithe eile)	7 % ar a laghad de na coinsíneachtaí allmhairithe
Bainne (lena n-áirítear bainne amh, táirgí déiríochta, gruth buí agus táirgí bunaithe ar ghruth buí de gach speiceas)	7 % ar a laghad de na coinsíneachtaí allmhairithe
Uibheacha (lena n-áirítear uibheacha agus táirgí uibhe ó gach speiceas éan)	12 % ar a laghad de na coinsíneachtaí allmhairithe
Coiníní, géim shaothraithe agus géim fhiáin **, reiptílí agus feithidí (lena n-áirítear ainmhithe beo, feoil agus táirgí feola ó na speicis a luaitear agus táirgí a dhíorthaítear ó na speicis sin)	Ar a laghad 12 % de na coinsíneachtaí allmhairithe le haghaidh gach speicis
Míl (lena n-áirítear mil agus táirgí beachadóireachta eile)	7 % ar a laghad de na coinsíneachtaí allmhairithe
Cásálacha ***	2 % ar a laghad de na coinsíneachtaí allmhairithe

<sup>(1)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2130 ón gCoimisiún an 25 Samhain 2019 lena mbunaítear rialacha mionsonraithe maidir leis na hoibríochtaí atá le déanamh le linn seiceálacha doiciméadacha, seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha ar ainmhithe agus ar earraí atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann (IO L 321, 12.12.2019, lch. 128).

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2129 ón gCoimisiún an 25 Samhain 2019 lena mbunaítear rialacha maidir le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach rátaí minicíochta le haghaidh seiceálacha sainaitheantais agus seiceálacha fisiceacha ar choinsíneachtaí áirithe ainmhithe agus earraí a thagann isteach san Aontas (IO L 321, 12.12.2019, lch. 122).

- 
- \* <sup>1</sup> Mar a shainmhínítear i bpointe 1.3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais le haghaidh bia de bhunadh ainmhíoch (IO L 139, 30.4.2004, lch. 55).
- \*\* <sup>2</sup> Mar a shainmhínítear i bpointí 1.5 agus 1.6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais le haghaidh bia de bhunadh ainmhíoch (IO L 139, 30.4.2004, lch. 55).
- \*\*\* <sup>3</sup> Mar a shainmhínítear i Rialachán Tarmlichte (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis dóibh a theacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).
- 

**Forálacha breise:**

- (a) Chun íosmhíniúcháil a rialuithe a liostaítear san Iarscríbhinn seo a ríomh, úsáidfidh na Ballstáit na sonraí is déanaí maidir leis an líon coinsíneachtaí atá ag teacht isteach san Aontas trína bpoist rialaithe teorann, ón mbliain roimhe sin ar a laghad nó ón mbliain leathdheireanach ar a mhéad.
- (b) I gcás inar lú an líon coinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas ná an líon coinsíneachtaí a chomhfhreagraíonn do shampla amháin, féadfar an tsampláil a dhéanamh uair amháin gach 2 nó 3 bliana. I gcás inar lú an líon coinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas thar thréimhse 3 bliana ná an líon coinsíneachtaí a chomhfhreagraíonn do shampla amháin, tógfar sampla amháin ar a laghad uair amháin gach 3 bliana.
- (c) Samplaí a thógtar chun críoch pleananna rialaithe eile atá ábhartha maidir le hanailís a dhéanamh ar shubstaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus ar iarmhair díobh (e.g. ar éilleáin, ar iarmhair lotnaidicídí, etc.), féadfar iad a úsáid freisin le haghaidh rialuithe ar shubstaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de ar choinníoll go ndéanfar na ceanglais maidir leis na rialuithe ar shubstaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de a chomhlíonadh.
-

# TREORACHA

## TREOIR CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1647 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Meán Fómhair 2022

**Iena leasaítear Treoir 2003/90/CE a mhéid a bhaineann le maolú le haghaidh cineálacha orgánacha speiceas plandaí talmhaíochta atá oiriúnach don táirgeadh orgánach**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2002/53/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an gcatálog choiteann de chineálacha speiceas plandaí talmhaíochta <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 7(2), pointí (a) agus (b), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá sé d'aidhm ag Treoir 2003/90/CE ón gCoimisiún <sup>(2)</sup> a áirithiú go gcomhlíonann na cineálacha speiceas plandaí talmhaíochta a chuireann na Ballstáit ina gcatalóga náisiúnta na prótacail a bhunaigh an Oifig Chomhphobail um Chineálacha Plandaí ("CPVO"). Go háirithe, tá sé d'aidhm ag na prótacail sin a áirithiú go gcomhlíonfar na rialacha maidir leis na saintréithe atá le cumhdach mar íoscheanglas le haghaidh scrúdú a dhéanamh ar chineálacha áirithe speiceas plandaí talmhaíochta chun sainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht a shuí ("DUS"). I gcás na speiceas nach gcumhdaítear le prótacail CPVO, tá sé d'aidhm ag an Treoir sin a áirithiú go gcomhlíonfar treoirlínte an Aontais Idirnáisiúnta um Chosaint Cineálacha nua Plandaí ("UPOV").
- (2) I measc coinníollacha eile, ní mór do chineálacha speiceas plandaí talmhaíochta na coinníollacha a chomhlíonadh a leagtar síos in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2003/90/CE, maidir le scrúdú ar an luach le haghaidh saothrú agus úsáide ("VCU").
- (3) Is gá a áirithiú gur féidir le táirgeoirí cineálacha orgánacha atá oiriúnach don táirgeadh orgánach a úsáid, ar cineálacha iad atá ann mar thoradh ar ghníomhaíochtaí pórúcháin orgánaigh. Comhlíonann cuid acu na critéir DUS maidir leis na cineálacha uile eile den speiceas céanna, ach tá cineálacha eile atá beartaithe don táirgeadh orgánach tréithrithe ag ardleibhéal éagsúlachta géinití agus feinitíopúla idir aonaid atáirgthe aonair.
- (4) Dá bhrí sin, níl na caighdeáin maidir le haonfhoirmeacht a shainítear sna prótacail DUS agus i dtreoirlínte CPVO agus UPOV atá ann cheana oiriúnach do chineálacha orgánacha le haghaidh an táirgthe orgánaigh, a bhfuil ardleibhéal éagsúlachta géinití agus feinitíopúla mar shaintréith acu. Ina theannta sin, is gá prionsabail a bhunú le haghaidh scrúdú VCU a chomhfhreagraíonn d'éilimh na hearnála orgánaí.
- (5) Dá bhrí sin, is gá an deis a thairiscint chun imeacht ó na prótacail scrúdaithe DUS atá ann cheana agus foráil a dhéanamh maidir le ceanglais i dtaca le scrúdú VCU atá curtha in oiriúint níos fearr do chineálacha orgánacha atá oiriúnach don táirgeadh orgánach.
- (6) Dá bhrí sin, ba cheart a bheith in ann na prótacail atá ann cheana maidir le scrúdú cineálacha le haghaidh speicis áirithe a choigeartú chun riachtanais na talmhaíochta orgánaí a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, is iomchuí maolú ar fhorálacha áirithe d'Airteagal 1 de Threoir 2003/90/CE ón gCoimisiún agus ceanglais shonracha a leagan síos le haghaidh an scrúdaithe VCU.
- (7) Ba cheart do na Ballstáit tuairisciú don Choimisiún agus do na Ballstáit eile, faoin 31 Nollaig gach bliain, go dtí an 31 Nollaig 2030, maidir leis an líon iarratas agus maidir leis na torthaí ar na scrúduithe DUS agus VCU, chun a áirithiú go ndéanfar athbhreithniú rialta ar na ceanglais sin agus chun measúnú breise a dhéanamh ar an ngá atá ann iad a leasú, a bhaint nó a chur i bhfeidhm maidir le speicis eile.

<sup>(1)</sup> IO L 193, 20.7.2002, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Treoir 2003/90/CE ón gCoimisiún an 6 Deireadh Fómhair 2003 lena leagtar amach bearta cur chun feidhme chun críoch Airteagal 7 de Threoir 2002/53/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le saintréithe íosta atá le cumhdach leis an scrúdú agus na coinníollacha íosta le haghaidh scrúdú a dhéanamh ar chineálacha áirithe speiceas plandaí talmhaíochta (IO L 254, 8.10.2003, lch. 7).



- (8) Dá bhrí sin ba cheart Treoir 2003/90/CE a leasú dá réir.
- (9) Ba cheart a ndóthain ama a bheith ag na húdaráis inniúla agus ag na hoibreoirí gairmiúla lena mbaineann chun ullmhú go leordhóthanach sula dtosóidh na forálacha náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir seo a bheith infheidhme.
- (10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Treoir seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

### Airteagal 1

#### Leasuithe ar Threoir 2003/90/CE

Leasaítear Treoir 2003/90/CE mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. A mhéid a bhaineann le sainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht, agus gan dochar don dara fohír:

- (a) comhlíonfaidh na speicis a liostaítear in Iarscríbhinn I na coinníollacha a leagtar síos sna ‘Prótacail maidir le tástálacha sainiúlachta, aonfhoirmeachta agus cobhsaíochta’ de chuid Chomhairle Riaracháin na hOifige Comhphobail um Chineálacha Plandaí (CPVO) a liostaítear san Iarscríbhinn sin;
- (b) comhlíonfaidh na speicis a liostaítear in Iarscríbhinn II na treoirlínte tástála maidir le tástálacha a dhéanamh i leith sainiúlachta, aonfhoirmeachta agus cobhsaíochta de chuid an Aontais Idirnáisiúnta um Chosaint Cineálacha Nua Plandaí (UPOV) a liostaítear san Iarscríbhinn sin.

De mhaolú ar an gcéad fohír, a mhéid a bhaineann le haonfhoirmeacht, féadfaidh na cineálacha orgánacha atá oiriúnach don táirgeadh orgánach agus a bhaineann leis na speicis a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn IV, na coinníollacha a liostaítear i gCuid B den Iarscríbhinn sin a chomhlíonadh ina ionad sin.

Tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún agus do na Ballstáit eile, faoin 31 Nollaig gach bliain, go dtí an 31 Nollaig 2030, maidir leis an líon iarratas ar chlárú cineálacha agus maidir le torthaí na scrúduithe i leith sainiúlachta, aonfhoirmeachta agus cobhsaíochta (DUS) i ndáil leis na cineálacha orgánacha sin”;

(b) i mír 3, cuirtear an dara agus an tríú fohír seo a leanas léi:

“De mhaolú ar an gcéad fohír, a mhéid a bhaineann leis an luach le haghaidh saothrú nó úsáide, féadfaidh na cineálacha orgánacha atá oiriúnach don táirgeadh orgánach agus a bhaineann leis na speicis a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn IV, na coinníollacha a leagtar síos i gCuid B den Iarscríbhinn sin a chomhlíonadh ina ionad sin.;

Tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún agus do na Ballstáit eile, faoin 31 Nollaig gach bliain, go dtí an 31 Nollaig 2030, maidir leis an líon iarratas agus maidir le torthaí na scrúduithe i dtaca leis an luach le haghaidh saothrú agus úsáide (VCU) i ndáil leis na cineálacha orgánacha sin”;

(2) cuirtear isteach an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo mar Iarscríbhinní IV agus V.

### Airteagal 2

#### Trasú

1. Na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 30 Meitheamh 2023 ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón 1 Iúil 2023 ar aghaidh.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhórlacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

#### *Airteagal 3*

#### **Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

#### *Airteagal 4*

#### **Seolaithe**

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
Stella KYRIAKIDES  
*Comhalta den Choimisiún*

## IARSCRÍBHINN

## "IARSCRÍBHINN IV

## CUID A

**Liosta na speiceas dá dtagraítear in Airteagal 1(2), an dara fomhír**

Eorna

Arbhar Indiach

Seagal

Cruithneacht

## CUID B

**Forálacha sonracha maidir le tástálacha i leith sainiúlachta, aonfhoirmeachta agus cobhsaíochta le haghaidh cineálacha orgánacha speiceas plandaí talmhaíochta atá oiriúnach don táirgeadh orgánach****1. Riail ghinearálta**

Beidh feidhm ag an méid seo a leanas maidir le cineálacha orgánacha speiceas plandaí talmhaíochta atá oiriúnach don táirgeadh orgánach:

- 1.1. A mhéid a bhaineann le sainiúlacht agus cobhsaíocht, déanfar saintréithe agus treoirlínte uile na bprótacal dá dtagraítear in Iarscríbhinní I agus II a urramú agus a thuairisciú.
- 1.2. A mhéid a bhaineann le haonfhoirmeacht, déanfar saintréithe uile na bprótacal agus na bprótacal dá dtagraítear in Iarscríbhinní I agus II a urramú agus thuairisciú agus beidh feidhm ag an méid seo a leanas maidir leis na saintréithe a liostaítear faoi phointe 2:
  - (a) féadfar na saintréithe sin a mheasúnú ar bhealach nach bhfuil chomh dian sin;
  - (b) maidir leis na saintréithe sin, i gcás ina ndéanfar foráil maidir le maolú ar an bprótacal teicniúil faoi seach dá bhforáiltear i bpointe 2 den Airteagal seo, beidh an leibhéal aonfhoirmeachta laistigh den chineál comhchosúil le leibhéal aonfhoirmeachta chineálacha inchomparáide an eolais choitinn san Aontas.

**2. Maolú ar phrótacaíl theicniúla****2.1. Eorna**

I gcás na gcineálacha a bhaineann leis an speiceas eorna (*Hordeum vulgare* L.), féadfaidh na saintréithe DUS seo a leanas de phrótacal CPVO CPVO/TP-019/5 den chineál tástáilte imeacht ó na ceanglais DUS seo a leanas maidir le haonfhoirmeacht:

- |               |   |  |
|---------------|---|--|
| CPVO Uimh. 5  | — | Duilleog bhrataí: dathú antóiciainine na gcluaisíní                    |
| CPVO Uimh. 8  | — | Duilleog bhrataí: liathghoirme na truaille                             |
| CPVO Uimh. 9  | — | Coilg: dathú antóiciainine na mbarranna                                |
| CPVO Uimh. 10 | — | Cluas: liathghoirme  |
| CPVO Uimh. 12 | — | Grán: dathú antóiciainine néaróg leama                                 |
| CPVO Uimh. 16 | — | Spícín aimrid: gotha   |
| CPVO Uimh. 17 | — | Cluas: cruth   |
| CPVO Uimh. 20 | — | Colg: fad  |
| CPVO Uimh. 21 | — | Droimín: fad na chéad deighleoise                                      |
| CPVO Uimh. 22 | — | Droimín: cuaire na chéad deighleoise                                   |
| CPVO Uimh. 23 | — | Spícín airmheánach: fad an ghlúma agus a cholg i gcoibhneas le grán    |
| CPVO Uimh. 25 | — | Grán: spícíniú néaróg cliathánach inmheánach na taoibhe droma de leama |

## 2.2. Arbhar Indiach

I gcás na gcineálacha a bhaineann leis an speiceas arbhar Indiaigh (*Zea mays* L.) féadfaidh na saintréithe DUS seo a leanas de phrótacal CPVO CPVO-TP/002/3 den chineál tástáilte imeacht ó na ceanglais DUS seo a leanas maidir le haonfhoirmeacht:

- CPVO Uimh. 1 — An chéad duilleog: dathú antóiciainine na truaille
- CPVO Uimh. 2 — An chéad duilleog: cruth buaice
- CPVO Uimh. 8 — Tacailín: dathú antóiciainine na nglúmaí seachas an bonn
- CPVO Uimh. 9 — Tacailín: dathú antóiciainine na n-antar
- CPVO Uimh. 10 — Tacailín: uillinn idir an príomh-ais agus na brainsí cliathánacha
- CPVO Uimh. 11 — Tacailín: cuaire na mbrainsí cliathánacha
- CPVO Uimh. 15 — Gas: dathú antóiciainine na bhfréamhacha cuinge
- CPVO Uimh. 16 — Tacailín: dlús na spícíní
- CPVO Uimh. 17 — Duille: dathú antóiciainine na truaille
- CPVO Uimh. 18 — Gas: dathú antóiciainine na n-idirnod
- CPVO Uimh. 19 — Tacailín: fad na príomh-aise os cionn an bhrairse chliathánaigh is ísle
- CPVO Uimh. 20 — Tacailín: fad na príomh-aise os cionn an bhrairse chliathánaigh is airde
- CPVO Uimh. 21 — Tacailín: fad an bhrairse chliathánaigh

## 2.3. Seagal

I gcás na gcineálacha a bhaineann leis an speiceas seagal (*Secale cereale* L.), féadfaidh na saintréithe DUS seo a leanas de phrótacal CPVO CPVO-TP/058/1 den chineál tástáilte imeacht ó na ceanglais DUS seo a leanas maidir le haonfhoirmeacht:

- CPVO Uimh. 3 — Coiléiptíl: dathú antóiciainine
- CPVO Uimh. 4 — Coiléiptíl: fad
- CPVO Uimh. 5 — An chéad duilleog: fad na truaille
- CPVO Uimh. 6 — An chéad duilleog: fad na lainne
- CPVO Uimh. 8 — Duilleog bhrataí: liathghoirme na truaille
- CPVO Uimh. 10 — Duilleog in aice leis an duilleog bhrataí: fad na lainne
- CPVO Uimh. 11 — Duilleog in aice leis an duilleog bhrataí: leithead na lainne
- CPVO Uimh. 12 — Cluas: liathghoirme
- CPVO Uimh. 13 — Gas: fionnaitheacht faoin gcluas

## 2.4. Cruithneacht

I gcás na gcineálacha a bhaineann leis an speiceas cruithneacht (*Triticum aestivum* L. *subsp. aestivum.*) féadfaidh na saintréithe DUS seo a leanas de phrótacal CPVO CPVO-TP/003/5 den chineál tástáilte imeacht ó na ceanglais DUS seo a leanas maidir le haonfhoirmeacht:

- CPVO Uimh. 3 — Coiléiptíl: dathú antóiciainine
- CPVO Uimh. 6 — Duilleog bhrataí: dathú antóiciainine na gcluaisíní
- CPVO Uimh. 8 — Duilleog bhrataí: liathghoirme na truaille
- CPVO Uimh. 9 — Duilleog bhrataí: liathghoirme na lainne
- CPVO Uimh. 10 — Cluas: liathghoirme
- CPVO Uimh. 11 — Colmas: liathghoirme an mhuiníl
- CPVO Uimh. 20 — Cluas: cruth i bpróifíl
- CPVO Uimh. 21 — Deighleog rinndroimín: limistéar fionnaitheachta ar an dromchla dronnach

- CPVO Uimh. 22 — An glúma íochtair: leithead an ghualainn  
CPVO Uimh. 23 — An glúma íochtair: cruth na gualainne  
CPVO Uimh. 24 — An glúma íochtair: fad an ghoib  
CPVO Uimh. 25 — An glúma íochtair: cruth an ghoib  
CPVO Uimh. 26 — An glúma íochtair: achar fionnaitheachta ar an dromchla inmheánach

## IARSCRÍBHINN V

## CUID A

**Liosta na speiceas dá dtagraítear in Airteagal 1(3), an dara fomhír**

Eorna  
Arbhar Indiach  
Seagal  
Cruithneacht

## CUID B

**Coinníollacha atá le comhlíonadh — An luach maidir le saothrú agus úsáid le haghaidh cineálacha orgánacha atá oiriúnach don táirgeadh orgánach**

1. Déanfar an scrúdú i leith saothrú agus úsáide faoi dhálaí orgánacha, i gcomhréir le forálacha Rialachán (AE) 2018/848, agus go háirithe leis na prionsabail ghinearálta faoi Airteagal 5, pointí (d), (e), (f) agus (g), agus na rialacha maidir le táirgeadh plandaí faoi Airteagal 12.
2. Cuirfear riachtanais shonracha agus cuspoirí sonracha na talmhaíochta orgánaí san áireamh sa scrúdú cineáil agus sa mheastóireacht ar thorthaí scrúdaithe. Scrúdófar frithsheasmhacht nó fúlaint i leith galar, agus oiriúnú do dhálaí ithreach agus aeráide áitiúla éagsúla.
3. I gcás nach bhfuil údaráis inniúla in ann foráil a dhéanamh maidir le scrúdú faoi dhálaí orgánacha, ná maidir le scrúdú ar shaintréithe áirithe, lena n-áirítear so-ghabhálacht i leith galar, féadfar tástáil a dhéanamh de bhun ceann amháin de na pointí seo a leanas:
  - (a) faoi mhaoirseacht an údaráis inniúil ar áitribh póraitheoirí orgánacha nó ar fheirmeacha orgánacha;
  - (b) faoi choinníollacha ionchuir íseal agus leis na cóireálacha íosta;
  - (c) i mBallstát eile, má tá comhaontuithe déthaobhacha idir na Ballstáit tugtha i gcrích chun tástáil a bhaint amach faoi dhálaí orgánacha.

Measfar go bhfuil luach cineáil le haghaidh saothrú nó úsáide sásúil más rud é, nuair a chuirtear é i gcomparáid le cineálacha orgánacha eile atá oiriúnach don táirgeadh orgánach a nglactar leo i gcatalóg an Bhallstáit atá i gceist, go dtugann cáilíochtaí an chineáil sin, ina iomláine, feabhas soiléir, a fhad a bhaineann le táirgeadh in aon réigiún ar leith ar a laghad, maidir le saothrú nó maidir le húsáidí is féidir a bhaint as na barra nó as na táirgí a dhíorthaítear uathu. Maidir le saintréithe níos fearr a bheith ann don táirgeadh talmhaíochta, a mhéid a bhaineann le cleachtais feirmeoireachta agus táirgeadh bia nó beatha a bhfuil buntáistí ag baint leo don talmhaíocht orgánach, measfar go bhfuil sin an-luachmhar don scrúdú VCU.

4. Déanfaidh an t-údarás inniúil foráil maidir le coinníollacha éagsúla scrúdúcháin atá oiriúnaithe do riachtanais shonracha na talmhaíochta orgánaí agus déanfaidh sé scrúdú, a mhéid atá sé ar a chumas, ar thréithe agus ar shaintréithe sonracha, arna iarraidh sin don iarratasóir, má tá modhanna in-ataírgthe ar fáil.”

**TREOIR CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1648 ÓN gCOIMISIÚN****an 23 Meán Fómhair 2022****lena leasaítear Treoir 2003/91/CE a mhéid a bhaineann le maolú le haghaidh cineálacha orgánacha de speicis glasraí atá oiriúnach don táirgeadh orgánach**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2002/55/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le síol glasraí, a mhargú <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 7(2), pointí (a) agus (b), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá sé d'aidhm ag Treoir 2003/91/CE ón gCoimisiún <sup>(2)</sup> a áirithiú go gcomhlíonann na cineálacha de speicis glasraí a chuireann na Ballstáit ina gcatalóga náisiúnta na prótacail a bhunaigh an Oifig Chomhphobail um Chineálacha Plandaí ("CPVO"). Go háirithe, tá sé d'aidhm ag na prótacail sin a áirithiú go gcomhlíonfar na rialacha maidir leis na saintréithe atá le cumhdach mar íoscheanglas le haghaidh scrúdú a dhéanamh ar chineálacha áirithe de speicis glasraí chun sainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht a shuí ("DUS"). I gcás na speiceas nach gcumhdaítear le prótacail CPVO, tá sé d'aidhm ag an Treoir sin a áirithiú go gcomhlíonfar treoirlínte an Aontais Idirnáisiúnta um Chosaint Cineálacha nua Plandaí ("UPOV").
- (2) Is gá a áirithiú gur féidir le táirgeoirí cineálacha orgánacha atá oiriúnach don táirgeadh orgánach a úsáid, ar cineálacha iad atá ann mar thoradh ar ghníomhaíochtaí pórúcháin orgánaigh. Comhlíonann cuid acu na critéir DUS maidir leis na cineálacha uile eile den speiceas céanna, ach tá cineálacha eile atá beartaithe don táirgeadh orgánach tréithrithe ag ardleibhéal éagsúlachta géinití agus feinitíopúla idir aonaid atáirgthe aonair.
- (3) Dá bhrí sin, níl na caighdeáin maidir le haonfhoirmeacht a shainítear sna prótacail DUS agus i dtreoirlínte CPVO agus UPOV atá ann cheana oiriúnach do chineálacha orgánacha le haghaidh an táirgthe orgánaigh, a bhfuil ardleibhéal éagsúlachta géinití agus feinitíopúla mar shaintréith acu.
- (4) Dá bhrí sin, is gá an deis a thairiscint chun imeacht ó na prótacail scrúdaithe DUS atá ann cheana chun go mbeidh siad curtha in oiriúint níos fearr do chineálacha orgánacha atá oiriúnach don táirgeadh orgánach. Dá bhrí sin, ba cheart a bheith in ann na prótacail atá ann cheana maidir le scrúdú cineálacha le haghaidh speicis áirithe a choigeartú chun riachtanais na talmhaíochta orgánaí a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, is iomchuí maolú ar fhorálacha áirithe d'Airteagal 1 de Threoir 2003/91/CE.
- (5) Ba cheart do na Ballstáit tuairisciú don Choimisiún agus do na Ballstáit eile, faoin 31 Nollaig gach bliain, go dtí an 31 Nollaig 2030, maidir leis an líon iarratas agus maidir leis na torthaí ar na scrúduithe DUS, chun a áirithiú go ndéanfar athbhreithniú rialta ar na ceanglais sin agus chun measúnú breise a dhéanamh ar an ngá atá ann iad a leasú, a bhaint nó a chur i bhfeidhm maidir le speicis eile.
- (6) Dá bhrí sin ba cheart Treoir 2003/91/CE a leasú dá réir.
- (7) Ba cheart a ndóthain ama a bheith ag na húdaráis inniúla agus ag na hoibreoírí gairmiúla lena mbaineann chun ullmhú go leordhóthanach sula dtosóidh na forálacha náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir seo a bheith infheidhme.
- (8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Treoir seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

<sup>(1)</sup> IO L 193, 20.7.2002, lch. 33.

<sup>(2)</sup> Treoir 2003/91/CE ón gCoimisiún an 6 Deireadh Fómhair 2003 lena leagtar amach bearta cur chun feidhme chun críoch Airteagal 7 de Threoir 2002/55/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na saintréithe íosta atá le cumhdach leis an scrúdú agus na coinníollacha íosta le haghaidh scrúdú a dhéanamh ar chineálacha áirithe de speicis glasraí (IO L 254, 8.10.2003, lch. 11).

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

### Airteagal 1

#### Leasuithe ar Threoir 2003/91/CE

Leasaítear Treoir 2003/91/CE mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. A mhéid a bhaineann le sainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht:

- (a) comhlíonfaidh na speicis a liostaítear in Iarscríbhinn I na coinníollacha a leagtar síos sna ‘Prótacail maidir le tástálacha sainiúlachta, aonfhoirmeachta agus cobhsaíochta’ de chuid Chomhairle Riaracháin na hOifige Comhphobail um Chineálacha Plandaí (CPVO) a liostaítear san Iarscríbhinn sin;
- (b) comhlíonfaidh na speicis a liostaítear in Iarscríbhinn II na treoirlínte tástála maidir le tástálacha a dhéanamh i leith sainiúlachta, aonfhoirmeachta agus cobhsaíochta de chuid an Aontais Idirnáisiúnta um Chosaint Cineálacha Nua Plandaí (UPOV) a liostaítear san Iarscríbhinn sin.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, a mhéid a bhaineann le haonfhoirmeacht, féadfaidh na cineálacha orgánacha atá oiriúnach don táirgeadh orgánach agus a bhaineann leis na speicis a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn III, na coinníollacha a liostaítear i gCuid B den Iarscríbhinn sin a chomhlíonadh ina ionad sin.

Tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún agus do na Ballstáit eile, faoin 31 Nollaig gach bliain, go dtí an 31 Nollaig 2030, maidir leis an líon iarratas ar chlárú cineálacha agus maidir le torthaí na scrúduithe i leith sainiúlachta, aonfhoirmeachta agus cobhsaíochta (DUS) i ndáil leis na cineálacha orgánacha sin”;

(2) déantar an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo a chur léi mar Iarscríbhinn III.

### Airteagal 2

#### Trasú

1. Na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 30 Meitheamh 2023 ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón 1 Iúil 2023 ar aghaidh.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhforálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

### Airteagal 3

#### Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

### Airteagal 4

#### Seolaithe

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna déanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
Stella KYRIAKIDES  
*Comhalta den Choimisiún*

---



## IARSCRÍBHINN

## "IARSCRÍBHINN III

## CUID A

**Liosta na speiceas dá dtagraítear in Airteagal 1(2), an dara fomhír**

Cairéad

Cálráib

## CUID B

**Forálacha sonracha maidir le tástálacha i leith sainiúlachta, aonfhoirmeachta agus cobhsaíochta le haghaidh cineálacha orgánacha de speicis glasraí atá oiriúnach don táirgeadh orgánach****1. Riail ghinearálta**

Beidh feidhm ag an méid seo a leanas maidir le cineálacha orgánacha de speicis glasraí atá oiriúnach don táirgeadh orgánach

- 1.1. A mhéid a bhaineann le sainiúlacht agus cobhsaíocht, déanfar saintréithe uile na bprótacal agus na dtreoirilínte dá dtagraítear in Iarscríbhinní I agus II a urramú agus a thuairisciú.
- 1.2. A mhéid a bhaineann le haonfhoirmeacht, déanfar saintréithe uile na bprótacal agus na dtreoirilínte dá dtagraítear in Iarscríbhinní I agus II a urramú agus thuairisciú agus beidh feidhm ag an méid seo a leanas maidir leis na saintréithe a liostaítear faoi phointe 2:
  - (a) féadfar na saintréithe sin a mheasúnú ar bhealach nach bhfuil chomh dian sin;
  - (b) maidir leis na saintréithe sin, i gcás ina ndéanfar foráil maidir le maolú ar an bprótacal teicniúil faoi seach dá bhforáiltear i bpointe 2 den Airteagal seo, beidh an leibhéal aonfhoirmeachta laistigh den chineál comhchosúil le leibhéal aonfhoirmeachta chineálacha inchomparáide an eolais choitinn san Aontas.

**2. Maolú ar phrótacail theicniúla****2.1. Cairéad**

I gcás na gcineálacha a bhaineann leis an speiceas cairéad (*Daucus carota* L.) féadfaidh na saintréithe DUS seo a leanas de phrótacal CPVO CPVO-TP/049/3 den chineál tástáilte imeacht ó na ceanglais DUS seo a leanas maidir le haonfhoirmeacht:

- CPVO Uimh. 4 – Duille: deighilt
- CPVO Uimh. 5 – Duille: déine an datha ghlais
- CPVO Uimh. 19 – Fréamh: trastomhas an chroí i gcoibhneas leis an trastomhas iomlán
- CPVO Uimh. 20 – Fréamh: dath an chroí
- CPVO Uimh. 21 – Gan cineálacha a bhfuil croí bán acu a áireamh; Fréamh: déine dhath an chroí
- CPVO Uimh. 28 – Fréamh: am dathaithe an bhairr
- CPVO Uimh. 29 – Fréamh: airde an bhunumbail tráth a bhláthaithe

**2.2. Cálráib**

I gcás na gcineálacha a bhaineann leis an speiceas cálráib (*Brassica oleracea* L.) féadfaidh na saintréithe DUS seo a leanas de phrótacal CPVO CPVO-TP/065/1 Rev. den chineál tástáilte imeacht ó na ceanglais DUS seo a leanas maidir le haonfhoirmeacht an phrótacail theicniúil de chuid CPVO faoi seach:

- CPVO Uimh. 2 – Síológ: déine dhathú glas na gcotailéadón
- CPVO Uimh. 6 – Peitín: gotha
- CPVO Uimh. 8 – Lann duilleoige: fad
- CPVO Uimh. 9 – Lann duilleoige: leithead

- CPVO Uimh. 10 – Lann duilleoige: cruth buaice
- CPVO Uimh. 11 – Lann duilleoige: deighilt go meánasna (ar chuid íochtarach den duilleog)
- CPVO Uimh. 12 – Lann duilleoige: an líon gearrthacha imill (ar an gcuid uachtarach den duilleog)
- CPVO Uimh. 13 – Lann duilleoige: doimhneacht an ghearrtha imill (ar an gcuid uachtarach den duilleog)
- CPVO Uimh. 14 – Lann duilleoige: cruth i dtrasghearradh
- CPVO Uimh. 19 – Cálráibí: an líon duilleog inmheánach.”
-

# CINNÍ

## CINNEADH (CBES) 2022/1649 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 20 Meán Fómhair 2022

**lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh sa Nígir (EUCAP Sahel Niger/1/2022)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe an tríú mír d'Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2012/392/CBES ón gComhairle an 16 Iúil 2012 maidir le Misean CBSC an Aontais Eorpaigh sa Nígir (EUCAP Sahel Niger) <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 9(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Chinneadh 2012/392/CBES, údaraítear an Coiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir leis an tríú mír d'Airteagal 38 den Chonradh, na cinntí ábhartha a ghlacadh chun rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh sa Nígir (EUCAP Sahel Niger) a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh Ceann Misin a cheapadh.
- (2) An 16 Nollaig 2020, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2021/22 <sup>(2)</sup> lena gceaptar Antje PITTELKAU mar Cheann Misin EUCAP Sahel Niger (EUCAP Sahel Niger), ón 16 Eanáir 2021 go dtí an 15 Eanáir 2022.
- (3) An 25 Samhain 2021, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2021/2162 <sup>(3)</sup> lena gcuirtear síneadh le sainordú Antje PITTELKAU mar Cheann Misin EUCAP Sahel Niger ón 16 Eanáir 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2022.
- (4) An 9 Meán Fómhair 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/1505 <sup>(4)</sup>, lena leasaítear Cinneadh 2012/392/CBES agus lena gcuirtear síneadh le sainordú EUCAP Sahel Niger go dtí an 30 Meán Fómhair 2024.
- (5) Mhol Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála go gcuirfí síneadh le sainordú Antje PITTELKAU mar Cheann Misin EUCAP Sahel Niger ón 1 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2023,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, cuirtear síneadh le sainordú Antje PITTELKAU mar Cheann Misin Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh sa Nígir (EUCAP Sahel Niger) ón 1 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2023.

<sup>(1)</sup> IO L 187, 17.7.2012, lch. 48.

<sup>(2)</sup> Cinneadh (CBES) 2021/22 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 16 Nollaig 2020 maidir le ceapadh Cheann Misin mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh sa Nígir (EUCAP Sahel Niger) (EUCAP Sahel Niger) (EUCAP Sahel Niger/2/2020) (IO L 9, 12.1.2021, lch. 1).

<sup>(3)</sup> Cinneadh (CBES) 2021/2162 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 25 Samhain 2021 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh sa Nígir (EUCAP Sahel Niger) (EUCAP Sahel Niger/1/2021) (IO L 437, 7.12.2021 lch. 1).

<sup>(4)</sup> Cinneadh (CBES) 2022/1505 ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear Cinneadh 2012/392/CBES maidir le Misean CBSC an Aontais Eorpaigh sa Nígir (EUCAP Sahel Niger) (IO L 235, 12.9.2022, lch. 28).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 1 Deireadh Fómhair 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Meán Fómhair 2022.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*

D. PRONK

*An Cathaoirleach*

---



ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)  
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)